An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath Chéim 4 de Shonraíochtaí Ábhar na Sraithe Sóisearaí:

## Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol

Meán Fómhair 2024

# An Clár Ábhar


## 1. RÉAMHRÁ ........ 1

## 2. FAISNÉIS CHÚLRA ........ 2

**Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim COVID-19 ........ 2**

**Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach ........ 2**

**Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 (FWJC15) ........ 2**

## 3. FORLÉARGAS AR AN BPRÓISEAS ATHBHREITHNITHE ........ 4

**Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú ........ 4**

**Cur chuige modheolaíoch ........ 4**

- Cuairteanna scoile ........ 5
- Suirbhé ar líne ........ 6
- Aighneachtaí scríofa ........ 6

## 4. AISEOLAS ÓN ATHBHREITHNIÚ ........ 7

**Ag baint amach aidhmeanna na sonraíochtaí ........ 7**

**Obair le Torthaí Foghlama ........ 9**

**Pleanáil d'Fhoghlaim, do Theagasc, do Mheasúnú agus do Thuairisciú ........ 13**

**Measúnú ........ 18**

- Measúnú Leanúnach ........ 18
- Measúnuithe Rangbhunaithe ........ 18
- Próiseas AFMÁ ........ 22
- Samplaí de Shaothar na Scoláirí ........ 22
- Scrúdú Praiticiúil ........ 23
- An Measúnú Deiridh ........ 24

**Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach ........ 26**

- Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach ........ 26
- Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú ........ 29
- Ionchuimsiú ........ 29

## 5. LÉARGAIS, MOLTAÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ........ 30

**Léargais ........ 30**

- Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach ........ 31

Aiseolas a bhaineann le cur i bhfeidhm na n-ábhar i gCéim 4 ..... 32

**Moltaí ..... 33**
Saincheisteanna a bhaineann le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach ..... 33
Moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm leanúnach gach Ábhair i gCéim 4 ..... 34

**6. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 36**

## 1. Réamhrá

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015 (FWJC15), tugadh isteach sonraíochtaí ábhair nua do Thíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol na Sraithe Sóisearaí (JC) i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2018. Sceidealaíodh go dtabharfadh CNCM faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath nuair a bheadh an cúrsa do na hábhair sin curtha i gcrích ag an gcéad chohórt scoláirí. Faraor, ba ghá an t-athbhreithniú a chur ar athló go dtí an scoilbhliain 2023-24 mar gheall ar chur isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Cé go raibh taithí trí bliana ag na scoláirí agus na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo ar an gcuraclam, níor ghá dóibh dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh, mar a samhlaíodh sna sonraíochtaí, mar gheall ar na hoiriúnuithe don mheasúnú a tugadh isteach le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

Cuireadh an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath i gcrích i R1-R2, 2024, chun aiseolas a thiomsú agus na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis na sonraíochtaí an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil san ábhar sin agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta a chur chun cinn
- gnéithe measúnaithe de na hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil d'fhonn na sonraíochtaí nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo trí eolas cúlra a thabhairt a chabhraíonn leis an athbhreithniú agus léargas ginearálta ar an gcomhairliúchán a rinneadh mar chuid den athbhreithniú a chur i gcomhthéacs, agus ina dhiaidh sin tugtar léargas ar thaithí leis na hábhair sa tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm. Tá breithniú déanta ag CNCM ar an aiseolas a fuarthas i rith na tuarascála i dtéarmaí na n-impleachtaí féideartha ar obair CNCM agus ar obair páirtithe leasmhara eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Sa chuid dheireanach den cháipéis leagtar amach na céad chéimeanna eile molta mar fhreagra ar na torthaí a thagann aníos ón athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath seo.

# 2. Faisnéis chúlra

Sa chuid seo, tugtar forléargas achomair ar na coigeartuithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19, forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach agus an staidéar taighde fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach, nithe arb ionann iad go léir agus faisnéis thábhachtach chomhthéacsúil agus breithniú á dhéanamh ar thorthaí an athbhreithnithe a léirítear níos déanaí sa tuarascáil.

## Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim COVID-19

Bhí an chéad chohórt de scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar shonraíochtaí Chéim 4 den tSraith Shóisearach ceaptha a dtrí bliana staidéir a chur i gcrích i Meitheamh 2021. I mí Aibreáin 2020, agus mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar phaindéim COVID-19, cuireadh scrúduithe uile na Sraithe Sóisearaí ar ceal. As sin go gceann trí bliana, cuireadh socruithe measúnaithe malartacha i bhfeidhm le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

I gcás na Staire, na Tíreolaíochta agus na Matamaitice, chiallaigh sin nár ghá ach MRB amháin (MRB1 nó MRB2) a chur i gcrích. Níor ghá an Tasc Measúnaithe a chríochnú. I gcás an Cheoil agus na hEacnamaíochta Baile, chiallaigh sé sin nár ghá CBA1 a chur i gcrích. Bhí ar scoláirí MRB2 a chur i gcrích, toisc go raibh sé nasctha leis an measúnú deiridh sa dá ábhar sin. Reáchtáladh an chéad scrúdú stáit ar shonraíochtaí Chéim 4 na sraithe sóisearaí i mí an Mheithimh 2022.

I bhfógra ón Aire Oideachais ar an 17 Aibreán 2024, soiléiríodh go mbeadh na coigeartuithe measúnaithe, atá i bhfeidhm ó 2022 i leith, maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe ann ar fad do scoláirí a bheidh ag tabhairt faoin tSraith Shóisearach in 2025 agus 2026. Is éard is brí leis seo ná nach bhfaighfear taithí ar an gcéad réimse iomlán measúnuithe beartaithe atá leagtha amach sna sonraíochtaí go dtí an bhliain acadúil, 2026-2027, ar a luaithe.

## Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta ar siúl faoi láthair, le sonraíocht nua le tabhairt isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2026. Tá athfhorbairt na Staire, an Cheoil, na Matamaitice agus na hEacnamaíochta Baile le tosú ag deireadh 2024, le cur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2027.

## Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 (FWJC15)

Cuireadh tús le staidéar fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an FWJC15 i ndeireadh 2020. Is é is aidhm leis an staidéar ceithre-bliana seo, bunaithe ar shampla ionadaíoch náisiúnta, ná dearcthaí na múinteoirí, na bpríomhoidí, na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an FWJC15. Mar staidéar fadaimseartha, déanfar iniúchadh ar thaithí na scoileanna thar thréimhse ceithre bliana, d'fhonn castacht, dúshláin agus rath i rith an FWJC15 a ghabháil. Is taighde modhanna measctha, iltoiseach é seo atá idir lámha ag foireann

taighde in Ollscoil Luimnigh thar ceann CNCM. Go dtí seo, foilsíodh trí thuarascáil eatramhacha agus tá an tuarascáil deiridh le foilsiú go deireanach in 2024.

Beidh torthaí an staidéir seo, in éineacht le torthaí na sraithe athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm luath na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí mar chabhair iontach chun tacú le hobair leanúnach na scoile leis an FWJC15 agus chun eolas a dhéanamh d'obair CNCM chun athchuairt a thabhairt ar an gCreat agus é a nuashonrú, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin. Lena chois sin, baileoidh an staidéar eolas tábhachtach a bhaineann go sonrach leis an ábhar, a mbeidh gá machnamh a dhéanamh air in éineacht leis na léargais ón athbhreithniú seo nuair a sceidealófar athfhorbairt ar ábhair Chéim 4 den tSraith Shóisearach.

## 3. Forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe

Is é ceann de phríomhchuspóirí an phróisis athbhreithnithe ná tuairimí a lorg ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara faoina dtaithí ag cur an churaclaim i bhfeidhm. Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023 - 2026) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

### Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú

Tugtar breac-chuntas ar na réimsí treorach agus na hábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú i dTábla 1 thíos.

| Réimse | Ábhair iniúchta |
|---|---|
| Ag obair leis an tsonraíocht | Ag baint amach aidhm na sonraíochta<br>Ag obair le torthaí foghlama<br>Pleanáil don fhoghlaim, teagasc agus measúnú |
| Measúnú | Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (CBAnna)<br>Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)<br>Léargas ar úsáid samplaí d'obair an scoláire<br>An Measúnú Deiridh |
| Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach | An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach<br>Cuimsiú<br>Na príomhscileanna a fhorbairt |

**Tábla 1: Réimsí agus ábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú**

### Cur chuige modheolaíoch

Rinneadh an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath seo ó Shamhain 2023 go Feabhra 2024 de réir leagan amach a chomhaontaigh an Chomhairle agus An Bord don tSraith Shóisearach le haghaidh athbhreithnithe cosúla ar chur i bhfeidhm luath ar ábhair na sraithe sóisearaí i gCéim 1 agus 2 (Béarla, Eolaíocht agus Gnó) agus i gCéim 3 (Amharc-ealaín agus Nuatheangacha Iasachta). Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- cuairteanna scoile chun dearcthaí agus taithí múinteoirí agus scoláirí ón 2 - 6 bliain a ghabháil
- suirbhé ar líne
- aighneachtaí scríofa.

Iarradh toiliú tuismitheora/caomhnóra agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh an t-aiseolas a bailíodh trí na cuairteanna scoile agus na hagallaimh ar líne a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh an t-aiseolas ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead follasach go n-aithneofaí í mar eagraíocht a chuir leis an gcomhairliúchán trí aighneachtaí scríofa.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís, bunaithe ar thacar de théamaí treoracha a bhí in úsáid ar feadh an athbhreithnithe. Chabhraigh sé seo chun téamaí san aiseolas a bailíodh a shainaithint agus a anailísiú.

## Cuairteanna scoile

Roghnaíodh sampla sraithe de 16 scoil as na 49 scoil a d'fhreagair gairm oscailte chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú. Thug an fhoirm léirithe spéise deis do scoileanna níos mó ná ábhar amháin a roghnú agus iarratas á dhéanamh acu. I gcásanna go leor, bhíothas in ann athbhreithniú a dhéanamh ar dhá ábhar le linn na cuairte scoile dá bharr sin. Taispeántar briseadh síos na 16 scoil roghnaithe i dTábla 2 thíos. Bhí dhá fhócasghrúpa sna cuairteanna scoile le scoláirí ón $2^{Ú}$ go $6^{Ú}$ bliain, agus an múinteoir/na múinteoirí ábhair ábhartha. Bhí 6 chuairt scoile ann **do gach ábhar** san athbhreithniú.

| Briseadh síos de réir scoile | % Náisiúnta | Líon na scoileanna ar tugadh cuairt orthu | % de scoileanna ar tugadh cuairt orthu |
|---|---|---|---|
| **Cineál scoile** | | | |
| Bord Oideachais agus Oiliúna | 29% | 5 | 31% |
| Scoil Phobail/Chuimsitheach | 21% | 2 | 13% |
| Meánscoil Dheonach | 51% | 9 | 56% |
| **Méid na scoile** | | | |
| Beag (níos lú ná 350) | 27% | 3 | 19% |
| Meánach (350-699) | 41% | 7 | 44% |
| Mór (níos mó ná 700) | 32% | 6 | 38% |
| **Inscne** | | | |
| Cailíní amháin | 17% | 3 | 19% |
| Buachaillí amháin | 13% | 3 | 19% |
| Scoil chomhoideachais | 70% | 10 | 63% |
| **Stádas DEIS** | | | |
| DEIS | 32% | 4 | 25% |
| **Scoil Ghaeilge** | | | |
| Scoil Ghaeilge | 7% | - | |

**Tábla 2: Comparáid idir céatadáin náisiúnta agus scoileanna ar tugadh cuairt orthu**

## Suirbhé ar líne

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a bhí ag iarraidh a gcuid taithí ar ábhar chéim 4 den tSraith Shóisearach a roinnt. Roinneadh é seo ar líne trí www.ncca.ie, www.curriculumonline.ie, agus ar fud ardáin meán sóisialta CNCM. Leagtar amach i dTábla 3 a leanas na freagraí a fuarthas i leith gach ábhair.

| Ábhar | Aighneachtaí ar líne | Múinteoirí | Scoláirí | Bainistíocht |
|---|---|---|---|---|
| Tíreolaíocht | 54 | 24 | 48 | 11 |
| Stair | 93 | 26 | 36 | 11 |
| Eacnamaíocht Bhaile | 53 | 15 | 38 | 10 |
| Matamaitic | 37 | 23 | 42 | 10 |
| Ceol | 36 | 10 | 46 | 09 |

**Tábla 3: Briseadh síos ar na freagróirí ar an athbhreithniú do gach ábhar**

## Aighneachtaí scríofa

Rinneadh cuireadh oscailte chun aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn trí www.ncca.ie, agus roinneadh go díreach leis na páirtithe oideachasúla é. Fuarthas na haighneachtaí scríofa seo a leanas do gach ábhar.

- **Tíreolaíocht:** 4 aighneacht scríofa faighte (cigireacht RO, CSS, OIDE, duine aonair)
- **Stair:** 5 aighneacht scríofa faighte (cigireacht RO, CSS, OIDE, Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann, múinteoir aonair)
- **Eacnamaíocht Bhaile:** 4 aighneacht scríofa faighte (cigireacht RO, OIDE, CSS agus an Dochtúir Kathryn McSweeney, Coláiste Naomh Aingeal)
- **Matamaitic:** 5 aighneacht scríofa faighte (cigireacht RO, CSS, OIDE, Cumann Múinteoirí Matamaitice na hÉireann, roinn ábhair scoile)
- **Ceol:** 4 aighneacht scríofa faighte (cigireacht DE, SEC, OIDE, múinteoir ceoil)

# 4. Aiseolas ón athbhreithniú

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an athbhreithnithe. Chuir na réimsí treorach don phlé a úsáideadh i gcaitheamh an athbhreithnithe (Tábla 1) anailís an aiseolais a fuarthas le chéile. Léirítear formhór an aiseolais de réir téamaí agus, san áit gurb amhlaidh atá, bíonn dearcthaí agus léargais ó rannpháirtithe a raibh baint acu leis an gcomhairliúchán. Tá cur i láthair an mhéid seo a leanas bunaithe ar dhearcadh scoláirí, múinteoirí, bainistíochta scoile agus páirtithe leasmhara thar na cúig ábhar ar fad a bhreithniú, lena n-áirítear aiseolas a eascraíonn as cuairteanna scoile, freagraí ar líne agus aighneachtaí scríofa. Faigheann an scoláire agus an múinteoir cleachtadh ar go leor gnéithe den tsraith shóisearach ar bhealach comhtháite. Dá bhrí sin, beidh roinnt gnéithe coiteanna thar na réimsí aiseolais soiléir thíos.

## Ag baint amach aidhmeanna na sonraíochtaí

Ar fud na gcúig ábhar ar fad, léirigh rannpháirtithe san athbhreithniú faomhadh ar an mórgóir don Aidhm a leagadh amach do gach ábhar, agus d'aontaigh gur chuir an Aidhm do gach sonraíocht in iúl go héifeachtach cad ba cheart do na hábhair a leagan amach do dhaoine óga lena bhaint amach. Thairis sin, is léir ó bhreithniú a dhéanamh ar aiseolas go bhfuil gnéithe áirithe den Aidhm d'ábhar ar leith san athbhreithniú i láthair freisin san Aidhm atá leagtha amach d'ábhair eile. Ba iad an acmhainneacht chun tacú le folláine an scoláire, neamhspleáchas áitiúil a neartú, trínar féidir le scoileanna cinntí a dhéanamh faoi churaclam, agus ábharthacht do shaol an scoláire, na príomhghnéithe a sainaithníodh thar gach ábhar ina leith seo.

Bíodh go léiríonn na freagróirí dearbhú agus formhuiniú ginearálta i leith na hAidhme do na hábhair as a bheith oiriúnach agus iomchuí, d'ardaigh na freagróirí dúshláin a bhain le cé chomh maith agus is féidir an Aidhm a bhaint amach freisin. Téama coitianta ba ea fairsinge mheasta na n-ábhar, agus dearadh roinnt torthaí foghlama, a fhorbraítear le cur síos mionsonraithe thíos. Aithnítear tionchar phaindéim Covid 19 ar fud na n-ábhar mar fhórsa a raibh tionchar díobhálach aige ar fhoghlaim an scoláire, agus a chuir bac ar iarrachtaí chun Aidhmeanna na n-ábhar a bhaint amach. Toisc eile a ardaíodh freisin i dtimthriallta athbhreithnithe roimhe seo is ea tréimhse ama, go sonrach an dúshlán a bhaineann le teagmháil fhiúntach a dhéanamh le hAidhm na n-ábhar taobh istigh de na paraiméadair 200 uair an chloig (tá an Mhatamaitic difriúil ó na hábhair eile san athbhreithniú seo mar go bhfuil sí ceaptha le go mbeidh rannpháirtíocht seomra ranga 240 uair an chloig ar a laghad i gceist léi). Ardaíonn roinnt freagróirí ar fud na n-ábhar go léir saincheisteanna áitiúla maidir le hamchlárú mar thoisc ghaolmhar, agus éagsúlacht sna tuairimí i measc na bhfreagróirí curtha in iúl faoin taithí le ranganna uair amháin an chloig. Ardaíodh ábhair imní áitiúla eile a bhí ábhartha maidir le gach ábhar, lena n-áirítear cothromas i ndáil le hacmhainní agus tacaíochtaí airgeadais agus eile (mar shampla, trealamh digiteach agus trealamh eile, seomraí oiriúnacha), agus méideanna ranganna.

| Aidhm don ábhar: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar |
|---|
| **Tíreolaíocht** |
| Thug freagróirí tíreolaíochta faoi deara gur thug an Aidhm don ábhar sin spreagadh le fiosracht an scoláire a mhealladh. Cuireadh fáilte roimh an Aidhm mar gheall ar a béim ar thacú le forbairt an 'tíreolaí óig', agus thug an t-aiseolas faoi deara go dtacaíonn Aidhm na sonraíochta Tíreolaíochta le deiseanna chun eispéireas foghlama ábhartha agus suimiúil a éascú do dhaoine óga. Sonraíodh |

acmhainn na hAidhme chun feabhas a chur ar fholláine an scoláire agus chun soláthar a dhéanamh do neamhspleáchas áitiúil mar réimse moltach freisin. Measadh go raibh dúshlán ag baint le ceapadh roinnt torthaí foghlama ó thaobh an Aidhm a bhaint amach, agus go raibh gá le níos mó soiléireachta i gcásanna áirithe.

**Stair**

Mheas go leor freagróirí ar an athbhreithniú Staire gur thug Aidhm na sonraíochta sin cumhacht don scoláire agus do mhúinteoirí, trí fhairsinge agus scóip an chúrsa, chun eispéiris foghlama fhiúntacha a fhorbairt bunaithe ar an gcomhthéacs de shaol agus dúiche an scoláire féin.

Mar a tugadh le fios i leith na Tíreolaíochta thuas, thagair múinteoirí Staire freisin don dúshlán a bhaineann le bheith ag obair le roinnt torthaí foghlama mar thacaíocht don Aidhm, go sonrach iad siúd a mheastar a bheith oscailte do léirmhínithe iomadúla. I gcomhthéacs na Staire, bhí ábhar imní ann faoi cé na feiniméin stairiúla (imeachtaí, próisis, saincheisteanna, pearsantachtaí) ba cheart a bheith mar fhócas ag torthaí foghlama.  Pléitear leis na dúshláin sin ar dhóigh níos mionsonraithe sa chéad chuid eile.

**Eacnamaíocht Bhaile**

Gné sheasmhach den aiseolas comhairliúcháin a d'eascair ó fhreagróirí san Eacnamaíocht Bhaile ba ea an acmhainn a bheith tacú le *folláine an scoláire*.

Thug múinteoirí agus páirtithe leasmhara a ghlac páirt san athbhreithniú ar an Eacnamaíocht Bhaile suntas go dtacaíonn Aidhm na sonraíochta le neamhspleáchas múinteoirí chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh ábhartha do scoláirí, don scoil agus don chomhthéacs áitiúil; agus chun cur chuige comhtháite agus incriminteach a ghlacadh i leith na foghlama ina gcuirtear teoiric agus cleachtas le chéile, agus ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna comhaimseartha, fíorshaoil.

Ar an gcaoi chéanna, thug múinteoirí Eacnamaíochta Baile faoi deara, maidir leis an Aidhm don ábhar, lena bhéim ar inbhuanaitheacht, scileanna litearthachta bia agus sláinte, agus dearadh cruthaitheach agus teicstílí, go léiríonn sí ábharthacht na foghlama don scoláire.

**Matamaitic**

Tagann coincheap na *hábharthachta* chun cinn ó aiseolas mar ghné dhearfach den Aidhm don ábhar. Tugann múinteoirí suntas go moltach don fhócas ar réiteach fadhbanna agus ar chomhthéacsanna a ligeann don scoláire naisc a dhéanamh le hábhair eile agus ábharthacht na matamaitice ina saol a fheiceáil. Tugadh faoi deara coincheap na 'scileanna saoil inaistrithe' go moltach in aiseolas ó mhúinteoirí Matamaitice.

Cé go raibh amchlár socraithe ag scoileanna ar tugadh cuairt orthu do níos mó ná an t-íosmhéid 240 uair an chloig atá molta sa tsonraíocht, thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh easpa ama measta ina toisc a chuir bac ar úsáid modheolaíochtaí dírithe ar an scoláire a cheadaíonn obair chomhoibritheach ag scoláirí. Measadh go raibh tionchar diúltach aige sin ar bhaint amach Aidhm na sonraíochta, go háirithe maidir le hinniúlacht straitéiseach, réasúnaíocht oiriúnaitheach agus meon táirgiúil a fhorbairt.

| |
|---|
| Tugtar faoi deara gur luaigh go leor múinteoirí sa phróiseas athbhreithnithe go raibh méadú ar shaincheisteanna imní scoláirí tar éis Covid mar thoisc nach sealbhaíonn an scoláire an tuiscint choincheapúil, nó go mbíonn sé ag streachailt an tuiscint sin a shealbhú, ar tuiscint é sin atá riachtanach chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim atá leagtha amach sa tsonraíocht, agus san Aidhm. Sa chomhthéacs sin, leagtar béim ar dheiseanna laghdaithe don scoláire dá leithéid dul i mbun obair ranga chomhoibríoch, a mheastar a bheith ina gné thábhachtach den fhoghlaim atá beartaithe san ábhar. |
| **Ceol** |
| I gcás an Cheoil, thagair múinteoirí do lárnacht na hoideolaíochta atá dírithe ar an scoláire agus thagair siad go minic do dheiseanna a thairgeann an tsonraíocht chun cur le forbairt an scoláire ar fad. Is minic a rinne idir mhúinteoirí agus scoláirí tagairt do thorthaí ar nós féinléiriú a chumasú, féinmheas ard a chothú, agus a bheith ag tacú le forbairt na samhlaíochta, agus iad ag labhairt faoi na deiseanna atá á dtairiscint ag Aidhm na sonraíochta.<br><br>Thuairiscigh múinteoirí ceoil nach raibh eagla ar an scoláire rioscaí a ghlacadh agus fiosrú a dhéanamh, ar bhealaí éagsúla, ar chumadóireacht agus ar dhéanamh ceoil. Mhol freagróirí an bhéim ar chruthaitheacht agus ar fhéinléiriú sa tsonraíocht. Thug múinteoirí faoi deara gur roghnaigh go leor scoláirí píosaí a dhéanamh a chruthaigh siad féin i gcomhthéacsanna scrúdaithe.<br><br>Maidir le dúshláin agus an Aidhm á cur i bhfeidhm, thuairiscigh na rannpháirtithe go mb'fhéidir nár forbraíodh scileanna litearthachta ceoil agus anailíse criticiúla a mhéid ab fhéidir. San aiseolas a fuarthas, cuireadh é seo, go páirteach, i leith easpa ábhar forordaithe, rud a bhí ina ghné shuntasach de shiollabas Cheol an Teastais Shóisearaigh tráth, agus i leith na hanailíse a rinneadh ar an ábhar sin. In go leor cásanna, nuair a tuairiscíodh go raibh litearthacht cheoil dúshlánach, léirigh múinteoirí ag an am céanna go raibh béim laghdaithe ar litearthacht cheoil ina dteagasc agus ina bhfoghlaim mar thoradh ar núíosacht na sonraíochta, chomh maith le teicneolaíochtaí déanta ceoil digiteacha a bheith tugtha isteach. Ina n-aiseolas, thuairiscigh na scoláirí gurbh iad teoiric an cheoil agus an litearthacht cheoil na gnéithe ba dheacra agus ba dhúshlánaí den tsonraíocht ach bhí tuiscint ann ar an ngá leis an eolas sin a fhorbairt d'fhonn réimsí eile dá gcuid foghlama a chur chun cinn.<br><br>Ardaíodh iarmhairt dhiúltach amháin, is sin an phaindéim, i gcomhthéacs an athbhreithnithe Ceoil, inar aithníodh srianta a cuireadh ar amhránaíocht agus ar sheinm gaothuirlisí agus uirlisí práis chun an riosca ionfhabhtaithe a laghdú agus scaradh sóisialta a dhéanamh mar bhac ar an Aidhm don ábhar a bhaint amach. |

**Tábla 4: Aidhm don ábhar: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar**

## Obair le Torthaí Foghlama

Tá foghlaim don scoláire ar fud na gcúig shonraíocht ábhair ar fad leagtha amach i bhfoirm torthaí foghlama, a chuireann an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna in iúl ba cheart do scoláire a bheith in ann a léiriú tar éis trí bliana foghlama. I rith an athbhreithnithe, chuir nádúr na dtorthaí foghlama fócas ar fáil don díospóireacht agus tuairimíocht ar fud na gcúig ábhar, agus ardaíodh na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair leis na torthaí foghlama.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur measadh go ginearálta, ar fud na gcúig ábhar, gur chuir na torthaí foghlama an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na luachanna in iúl ba cheart don scoláire a fhoghlaim. Sa chomhthéacs sin, aithníodh *solúbthacht* na dtorthaí foghlama mar sholúbthacht a chuireann ar chumas múinteoirí eispéiris foghlama chuí a cheapadh. Admhaíodh go raibh neamhspleáchas i bhfad níos feabhsaithe ag múinteoirí ná mar a bhí agus iad ag múineadh a gcuid ábhar faoin Teastas Sóisearach. Bhí meon dearfach ag go leor múinteoirí maidir leis an scóip a bhaineann le neamhspleáchas nó saoirse den sórt sin chun eispéiris foghlama a cheapadh don scoláire, faoi threoir na dtorthaí foghlaim. Thug an t-aiseolas le fios gur mheas go leor múinteoirí gur chuir cur chuige na dtorthaí foghlama beocht sna hábhair nó gur chuir sé neart nua iontu, rud a chuir ar chumas múinteoirí comhthéacsanna comhaimseartha nó 'cothrom le dáta' a thabhairt isteach, agus dá réir sin a chuir le hábharthacht an eispéiris foghlama don scoláire. Thug múinteoirí faoi deara gur éiligh torthaí foghlama orthu machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais teagaisc agus foghlama féin, agus iniúchadh a dhéanamh ar conas guth an scoláire a mhealladh agus tacú leis sa seomra ranga. Dá bhrí sin, tugadh faoi deara an fhorbairt ghairmiúil nó an ghné féiniúlachta gairmiúla de róil na múinteoirí. Thug aiseolas an scoláire ar aird freisin an chaoi a raibh meas acu ar *ábharthacht* agus an chaoi a raibh an fhoghlaim níos fiúntaí dóibh nuair a d'fhéadfaidís í a cheangal lena saol féin. Sa chomhthéacs sin, thug múinteoirí dá n-aire an chaoi ar aithníodh agus ar thacaigh torthaí foghlama agus dearadh na Sraithe Sóisearaí ar bhonn níos leithne le neamhspleáchas an scoláire agus thug deiseanna don scoláire a chuid spéiseanna féin a fhiosrú.

Mar sin féin, tá sé chomh soiléir céanna go bhfuil teannas ann maidir le nádúr na dtorthaí foghlama, sa mhéid is go mbraitheann roinnt múinteoirí nach bhfuil tionchar chomh dearfach sin ag na tréithe siúd a bhíonn á moladh ag roinnt múinteoirí eile. Sa chás go bhfeiceann roinnt múinteoirí go mbíonn deiseanna á soláthar ag an tsolúbthacht agus oscailteacht, braitheann cuid eile go bhfuil easpa sainiúlachta agus éiginnteacht ag baint le cur chuige na dtorthaí foghlama. Tagraíonn roinnt aiseolais d'ábhair imní an mhúinteora faoi mhéid an chlúdaigh atá ag teastáil agus iad ag plé le torthaí foghlama, agus ardaítear saincheisteanna maidir le fairsinge agus 'doimhneacht na láimhseála'.

I gcásanna áirithe, ardaíodh líon na dtorthaí foghlama i sonraíocht, agus roinnt freagróirí den tuairim gur leathnaíodh méid cúrsa de réir líon na dtorthaí foghlama a bhaineann leis. Sa chomhthéacs sin, bhí tuilleadh soiléireachta ag teastáil maidir le barúil na dtorthaí foghlama traslíneacha, a bhaineann lena chéile agus a neartaíonn a chéile thar shnáitheanna foghlama. Ardaíodh roghnú na foclaíochta a úsáidtear i dtorthaí foghlama mar ábhar imní san athbhreithniú. Bhí an tuairim ann gur cumadh foclaíocht na dtorthaí foghlama mar fhoclaíocht ró-acadúil nó foclaíocht dhoiléir i gcásanna áirithe, agus go raibh gá le níos mó soiléireachta agus simplíochta.

I dTábla 5 tugtar achoimre ar na príomhcheisteanna a bhaineann go sonrach le hábhair a ardaíodh maidir le torthaí foghlama.

| Torthaí Foghlama: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar |
| --- |
| **Tíreolaíocht** |
| Chuir freagróirí in iúl go gcomhaontaíonn siad go forleathan agus go ginearálta go gcuireann na torthaí foghlama in iúl an méid a mheastar a bheith ina phríomhfhoghlaim thíreolaíochta i leith aois agus chéim na sraithe sóisearaí. Bhí meon dearfach ann ar an bhfócas ar scileanna tíreolaíochta agus ar an timpeallacht áitiúil. Léirigh na scoláirí an-spéis as a bheith ag obair ar an taobh praiticiúil den |

ábhar, mar shampla léarscáileanna agus pictiúir a fhiosrú. Bhí roinnt imní ann maidir le doiléire bhraite i roinnt torthaí foghlama, a cuireadh in iúl freisin i gcomhthéacs riachtanais scrúdaithe deiridh. Measadh go dtacódh tuilleadh soiléirithe nó sainiúlachta maidir le roinnt torthaí foghlama le múinteoirí tuiscint níos soiléire a fháil ar a raibh ag teastáil agus níos mó muiníne a chothú iontu ina gcur chuige.

**Stair**

D'fháiltigh go leor múinteoirí roimh fhairsinge agus éagsúlacht na n-ábhar a bhí ar fáil lena bhfiosrú faoi na torthaí foghlama. Bhí fáilte roimh an mbéim mhéadaithe ar an stair áitiúil, chomh maith leis an mbéim ar dhisciplín na staire.

Ardaíodh an fhairsinge freisin, áfach, mar ábhar imní. Thuairiscigh múinteoirí gur mhothaigh siad go raibh siad srianta ó thaobh ama agus ag líon na dtorthaí foghlama sa chaoi is nach raibh sé indéanta iniúchadh domhain a dhéanamh ar thopaicí, agus nach raibh ach láimhseáil gharbh, nó i gcásanna áirithe, láimhseáil sciobtha in ann tarlú mar gheall ar na srianta ama sin. Lorgaíodh níos mó soiléireachta agus sainiúlachta i roinnt torthaí foghlama. Mheas roinnt daoine gur theastaigh níos mó mionléirithe ó nádúr an ábhair, a dhéanann imscrúdú ar thábhacht na bpearsantachtaí stairiúla, na n-imeachtaí, na saincheisteanna, na dtéamaí agus na bpróiseas, i gcásanna áirithe, ná mar a d'fhéadfaí a thairiscint le torthaí foghlama solúbtha oscailte. Léirigh múinteoirí roinnt éiginnteachta faoin méid eolais stairiúil a bhí ag teastáil i roinnt torthaí foghlama. Sa chomhthéacs seo, luadh TF *2.5* mar shampla, áit ar cheart don scoláire a bheith in ann: *Cúisí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint mar aon leis an tionchar a bhí acu ar chaidreamh Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach* Moladh go gcabhródh treoir maidir le hábhar táscach atá le clúdach sna torthaí foghlama seo le dul i ngleic leis an ábhar imní seo.

Leagadh na hábhair imní seo amach freisin i gcomhthéacs an scrúdaithe deiridh, ar tugadh faoi deara ina leith nár ceadaíodh rogha an scoláire ann agus go raibh gá le clúdach leathan a bheith déanta ar ábhar stairiúil.

**Eacnamaíocht Bhaile**

D'aontaigh na freagróirí tríd is tríd go gcuireann na torthaí foghlama an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na luachanna is tábhachtaí le foghlaim in iúl. Measadh go raibh na torthaí foghlama dírithe ar an scoláire agus go dtacaíonn siad le pleanáil chruthaitheach don fhoghlaim chomhtháite ar fud snáitheanna, ag déileáil go cothrom le eolas agus forbairt scileanna, agus aird á tabhairt ar an 'saol mar atá', go háirithe comhthéacs scoile agus áitiúil.

Léirigh líon suntasach múinteoirí meas ar thorthaí foghlama Shraith 3 agus/nó ar thábhacht na dtorthaí foghlama a bhaineann le hinbhuanaitheacht ar fud na dtrí shnáithe. Luaigh go leor múinteoirí agus scoláirí naisc go coitianta idir torthaí foghlama na hEacnamaíochta Baile agus ábhair eile, mar shampla Gnó, Amharc-ealaín agus Eolaíocht, mar láidreacht.

Bhain an príomh-aiseolas criticiúil le hoscailteacht na dtorthaí foghlama, agus le creideamh go bhfuil an iomarca torthaí foghlama ann do chúrsa 200 uair an chloig. I gcás inar ardaigh múinteoirí ábhair imní ar leith faoi thorthaí foghlama, bhain siad leis na nithe seo a leanas:

1. chun ábhar a shoiléiriú (mar shampla, d'iarr freagróirí míniú ar an téarma 'bianna coitianta' in TF 1.7)

2. chun teagasc, foghlaim agus measúnú a leathnú (mar shampla, TF 2.9, áit a ndearnadh an moladh chun iniúchadh a dhéanamh ar thionchair ar bhainistiú acmhainní pearsanta, clainne agus teaghlaigh seachas an teicneolaíocht)
3. chun deireadh a chur le teorainn (mar shampla, bhreathnaigh roinnt freagróirí ar an tagairt do 'fuáil innill' in TF 3.1 mar thagairt nach léiríonn an réaltacht ina n-úsáidtear innill fuála chun críocha taispeána amháin, nó breathnaíodh ar an mbriathar gnímh 'léirthuiscint' mar rud a chothódh deacrachtaí meastóireachta in TF 3.5).

Moladh bonn cothaithe go minic mar bhunús riachtanach d'Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta. Bhí aiféala ar roinnt múinteoirí maidir leis an aistriú ar shiúl ó chúram leanaí sa seanchúrsa Eacnamaíochta Baile de chuid an Teastais Shóisearaigh. Measadh go raibh an inbhuanaitheacht tábhachtach go leor ag cuid acu gurbh fhiú a snáithe féin a thabhairt di.

Leagann roinnt freagróirí an-tábhacht ar chomhtháthú scileanna i dtorthaí foghlama, ag áitiú in amanna gur cheart é seo a bheith níos suntasaí (mar shampla, scileanna fiontraíochta, nuálacha, smaointeoireachta dearaidh, cruthaitheachta), agus braitheann cuid eile éagothroime i bhfabhar scileanna sna torthaí foghlama. Moladh ról an chultúir sa chócaireacht, agus tráchtearraí bia, mar réimsí fócais cuí san fhoghlaim.

### Matamaitic

Bhí na freagróirí sásta, a bheag nó a mhór, leis an tsraith torthaí foghlama. Go háirithe, labhair na scoláirí faoi thaitneamh a bhaint as a bheith ag obair i gcomhar lena bpiaraí agus go sonrach ar fhadhbanna a mheas siad a bheith ábhartha dá saol. Tuairiscíodh gur fearr a fhoghlaimíonn siad an mhatamaitic más féidir leo baint a bheith acu le coincheapa matamaitice ar bhealach éigin.

Fuarthas roinnt aiseolais faoi thorthaí foghlama a mheastar nach mbaineann siad le scoláirí ag an gcéim seo dá gcuid foghlama. Sonraíodh geoiméadracht theibí agus tógálacha sa chomhthéacs sin. Mheas roinnt daoine go raibh an riachtanas Ailgéabair ag an nGnáthleibhéal ródhúshlánach.

### Ceol

Bhí comhaontú ginearálta ann gur léirigh na torthaí foghlama an fhoghlaim a bhí ag teastáil ó scoláirí ag an leibhéal seo. D'fháiltigh go leor múinteoirí roimh an tsaoirse agus an neamhspleáchas a thairgeann an tsonraíocht chun ábhar éisteachta nua a iniúchadh agus triail a bhaint as, chun cumadóireacht a dhéanamh i bhformáidí nua spreagúla, agus chun seinm ar uirlisí agus guthanna éagsúla. Léirigh an t-aiseolas deiseanna le brí a chur i nguth na scoláirí sa seomra ranga.

Admhaíodh go forleathan gur léirigh an tsonraíocht athruithe níos comhaimseartha ar cheol agus ar chuir chuige maidir le ceol a ghiniúint, rud a chuir le hábharthacht an ábhair don scoláire. Thagair múinteoirí do thionscal an cheoil, do sheinnliostaí agus d'éifeachtaí próiseála, mar shampla, mar réimsí a chuir eispéireas ceoil níos fearr ar fáil don scoláire agus a chruthaigh níos mó nasc lena dtaithí fhíorshaoil ar an gceol. Bhí meas ag na scoláirí freisin ar ábharthacht a gcuid foghlama agus thuairiscigh siad an chaoi ar bhain siad taitneamh as a bheith ag foghlaim faoin gcaoi ar bhain gnéithe den cheol a ndearna siad staidéar orthu lena saol féin.

Bhí roinnt ábhair imní ann maidir le doiléire nó débhríocht bhraite. Mhol go leor rannpháirtithe níos mó soiléireachta maidir le riachtanais agus réim armónach, séiseach agus rithimeach. Léiríodh ábhar

imní faoi dhébhríocht fhéideartha san fhoclaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina cúis mearbhaill maidir le foghlaim bheartaithe i líon beag torthaí foghlama. Baineann na torthaí foghlama seo úsáid as téarmaí amhail *'struchtúr','* *oiriúnach' agus 'léiriú siombalach'*, a mheas roinnt freagróirí a bheith oscailte do níos mó ná léirmhíniú amháin. Sampla amháin a cuireadh ar fáil ná toradh foghlama 1.1, áit ar cheart don scoláire a bheith in ann: *cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht a chur ar fáil do líne aonair shéise.* Moladh go bhféadfadh roinnt daoine an focal 'oiriúnach' a léirmhíniú mar fhocal a thugann le tuiscint go bhfuil na cordaí 'ag teacht' leis na nótaí, ach i gcás daoine eile tugann sé le tuiscint go bhfuil cordaí oiriúnach agus go bhfuil siad mar chuid de réimniú maith. Moladh go raibh soiléiriú ag teastáil freisin maidir leis an réim armónach a mbeifí ag súil leis ag an leibhéal seo. Bhí moltaí san aiseolas go raibh sé de chumas ag samplaí a cuireadh ar fáil i roinnt torthaí foghlama fairsinge na foghlama a chúngú don scoláire. Áiríodh leis an moladh chun aghaidh a thabhairt air seo na samplaí a bhaint ar fad, nó na torthaí foghlama a chur in eagar chun réimse foghlama níos leithne a chur san áireamh, nó soiléireacht bhreise a sholáthar do na torthaí foghlama.

Thug aiseolas breise le fios gur dheacair idirdhealú a dhéanamh ar choincheapa áirithe ceoil leis an gcluas, sa seomra ranga agus sa mheasúnú araon. Moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar na coincheapa seo ionas go mbeadh siad níos idirdhealaithe don scoláire. Bhí aiseolas ann ag éileamh go ndéanfaí níos mó machnaimh ar ról na gcumadóirí ban ar fud na sonraíochta. Cé nach bhfuil aon ábhar sainráite sa tsonraíocht maidir leis seo, thug roinnt freagróirí faoi deara gur chóir don scoláire dul i dteagmháil le ceol cumadóirí ban agus a bheith ag éisteacht leis, le roinnt treoir ábhartha. Bhí aiseolas suntasach ann freisin maidir leis an easpa tagairt fhollasach do cheol traidisiúnta na hÉireann. Cé go raibh múinteoirí ar an eolas gur cheadaigh solúbthacht roinnt torthaí foghlama do rannpháirtíocht leis an stíl cheoil sin, thuairiscigh go leor múinteoirí gur ghá foghlaim a bhaineann le ceol traidisiúnta na hÉireann a dhéanamh níos follasaí.

**Tábla 5: Torthaí Foghlama: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar**

## Pleanáil d'Fhoghlaim, do Theagasc, do Mheasúnú agus do Thuairisciú

Breithnítear sa chuid seo den tuarascáil ar aiseolas a eascraíonn ó fhreagróirí maidir leis an taithí a bhaineann le pleanáil le haghaidh cur i bhfeidhm na sonraíochtaí sa seomra ranga. Arís eile, pléifear réimsí coitianta taithí ar dtús, sula bhféachfar ar aiseolas a bhaineann go sonrach leis na hábhair éagsúla atá faoi athbhreithniú.

Mar a luadh roimhe seo, breithníodh gur ghabh na torthaí foghlama ar fud na n-ábhar an fhoghlaim riachtanach a theastaíonn ón scoláire ag an leibhéal seo tríd is tríd, agus bhí torthaí foghlama mar bhonn le heispéiris foghlama agus teagaisc a phleanáil sa seomra ranga. Bhí tuiscint ar fud na n-ábhar go léir gur thacaigh struchtúr an chúrsa do gach ábhar, a chuimsíonn snáitheanna le torthaí foghlama gaolmhara, le pleanáil, leis an bhfócas ar thorthaí foghlama neamhlíneacha a cheadaíonn eispéireas foghlama comhtháite a cheapadh don scoláire, a fheiceann dóibh féin idirnascthacht a dtaithí ar gach ábhar. Bhí tuiscint ann freisin ar fud na n-ábhar, cé go raibh an phleanáil dúshlánach agus gur ghlac sí go leor ama nuair a tugadh na sonraíochtaí isteach sa seomra ranga den chéad uair, go bhfuil laghdú tagtha ar na dúshláin tosaigh seo le himeacht ama de réir mar a chuaigh múinteoirí i dtaithí ar riachtanais na sonraíochtaí agus ar an bhfoghlaim bheartaithe atá leagtha amach sna torthaí foghlama. Thuairiscigh múinteoirí gach ábhair leibhéal níos mó cur amach agus compoird leis an dioscúrsa maidir le pleanáil, a bhí nua, nuair a tugadh na sonraíochtaí isteach den chéad uair. Baineann sé seo, mar shampla, le dul i ngleic le téarmaí amhail torthaí foghlama, aonaid foghlama, rúin foghlama agus critéir ratha. Luaigh freagróirí tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach arna soláthar ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí mar thoisc sa tuiscint mhéadaitheach seo.

Príomhphointe aiseolais eile ba ea fás cultúir de phleanáil chomhoibritheach i measc múinteoirí i scoileanna, agus bhí sé seo le feiceáil in aiseolas ó gach athbhreithniú ábhair. Bhí fianaise san athbhreithniú freisin go raibh go leor múinteoirí ag gabháil do chleachtas machnamhach agus iad ag pleanáil, ag leasú a gcuid pleananna gach bliain bunaithe ar bhreithniú a dhéanamh ar na rudaí a d'oibrigh go maith i bpleananna roimhe sin. Nuair a bhí pleanáil chomhoibritheach indéanta agus nuair a tugadh faoi, bhí comhaontú ginearálta ann gur spreag úsáid torthaí foghlama comhráite níos bríomhaire agus níos spreagúla faoi fhoghlaim an scoláire sa seomra ranga.

Tháinig úsáid téacsleabhar chun cinn mar phointe aiseolais ar fud na n-ábhar ar fad. Tugadh faoi deara gur tacaíocht luachmhar phleanála a bhí i dtéacsleabhair i gcásanna áirithe, go háirithe nuair a úsáidtear iad i gcomhar le hacmhainní agus uirlisí pleanála eile. Thuairiscigh go leor múinteoirí go raibh siad muiníneach as téacsleabhair a úsáid mar phríomhuirlis phleanála, agus dearadh tascanna a oiriúnú, a choigeartú agus a bheith ag cur leis chun freastal ar riachtanais an scoláire. Tugadh faoi deara san athbhreithniú go raibh níos mó spleáchais ar théacsleabhair chun treoir a chur ar fáil i gcás ina raibh níos lú muiníne ag múinteoirí as a gcumas éirim na foghlama a shamhlaítear i dtorthaí foghlama a aithint. Rinne cigireacht na RO trácht ar théacsleabhair a úsáid ar fud ábhar, ag breathnú ar inmhianaitheacht na múinteoirí iad a úsáid go breithiúnach agus i gcomhar le modheolaíochtaí agus acmhainní foghlama agus teagaisc ábhartha eile.

Agus dúshláin maidir le pleanáil á mbreithniú, d'ardaigh freagróirí ar fud an athbhreithnithe tionchar phaindéim Covid-19 ar an scoláire, agus ar an scolaíocht, agus leagadh béim ar na hiarmhairtí bainteacha d'fhoghlaim an scoláire. Bhí tionchar soiléir ag dúshláin, i dtéarmaí tinrimh ar scoil mar gheall ar an bpaindéim, ar chumas go leor scoláirí dul i ngleic go fiúntach leis an bhfoghlaim.

Cuireadh roinnt de na hábhair imní a léiríodh cheana féin sa tuarascáil seo faoi nádúr oscailte na dtorthaí foghlama in iúl arís i gcomhthéacs na pleanála. Cé gur measadh go raibh úsáid na mbriathra gnímh ag tús gach toraidh foghlama dearfach chun múinteoirí a dhíriú i dtreo rannpháirtíocht ghníomhach san fhoghlaim, i gcás go leor daoine níor shoiléirigh sé seo le go leor sonraí cad ba cheart don fhoghlaimeoir a bheith in ann a dhéanamh tar éis dó an toradh foghlama a bhaint amach.

I rith an athbhreithnithe bhí roinnt tagairtí dearfacha ann d'úsáid, agus d'úsáideacht rún foghlama agus critéar ratha. I gcuid mhaith de na cásanna seo, cuireadh é seo i leith cultúr scoile ina raibh rúin foghlama agus critéir ratha mar chuid de chreatlach na foghlama agus an teagaisc sa scoil, agus ina raibh taithí ag an scoláire ar a bheith ag obair le rúin foghlama agus critéir ratha in ábhair agus i seomraí ranga eile, agus i gcásanna áirithe iad a chomh-thógáil. Thuairiscigh múinteoirí eile go raibh scoláirí ag streachailt le critéir ratha a chomhchruthú agus sna cásanna seo, chuir na múinteoirí critéir den sórt sin ar fáil do na scoláirí. Bhí an chuma ar an scéal go raibh dhá chúis ann leis seo: ar an gcéad dul síos, ní raibh múinteoirí cinnte faoin bpríomhfhoghlaim sa toradh foghlama agus dá bhrí sin bhí siad ag streachailt le rúin foghlama, tascanna agus critéir ratha a dhearadh agus; ar an dara dul síos, breathnaíodh ar an bpróiseas chun critéir ratha a chomhchruthú mar phróiseas fadálach.

I gcás go leor dóibh siúd a thug freagra, aithníodh an scrúdú deiridh mar an príomhchoscaire ar an neamhspleáchas gairmiúil a chuireann na sonraíochtaí ar fáil. I gcásanna áirithe, ní raibh múinteoirí cinnte faoi luach na gcritéar ratha ar chor ar bith agus bhreathnaigh siad ar na scrúduithe stáit mar an t-aon mheasúnú a bhain le hábhar. Aithníodh freisin easpa ama le haghaidh cinnteoireacht

chruthaitheach agus am ranga laghdaithe nó minicíocht laghdaithe rannpháirtíochta leis an scoláire mar bhacainní ar chur i bhfeidhm rathúil.

Dearadh sonraíochtaí an Cheoil, na Tíreolaíochta, na Staire agus na hEacnamaíochta Baile le bheith déanta ar feadh 200 uair an chloig ar a laghad de rannpháirtíocht scoláire/teagmháil ranga, agus leithroinntear 240 uair an chloig ar a laghad don Mhatamaitic. Tuairiscíodh roinnt cuir chuige éagsúla do shocrú amchláir; ba é an socrú ba choitianta ná meascán de ranganna a mhair uair an chloig agus daichead nó daichead is a cúig nóiméad. Bhí dearcthaí éagsúla ar na cuir chuige seo, agus thug roinnt múinteoirí ar fud na n-ábhar le tuiscint go bhféadfaí luach na rannpháirtíochta fada i ranganna uair an chloig a bheith cealaithe go pointe mar gheall ar an easpa deiseanna dá bharr sin chun an fhoghlaim a threisiú sa chás go ndéantar ábhair a amchlárú ar bhonn laethúil i ranganna níos giorra.

Scrúdaítear gach ceann de na hábhair seachas an Mhatamaitic ag an Leibhéal Comónta sa tSraith Shóisearach. Scrúdaítear an mhatamaitic ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. I gcás an Leibhéil Chomónta, léirigh múinteoirí tuairimí measctha. D'áitigh roinnt múinteoirí nach dtugann an socrú seo dúshlán go leor do roinnt scoláirí, agus d'fháiltigh cuid eile acu roimh an aistriú chuig an Leibhéal Comónta, rud a mheas siad a bheith níos ionchuimsithí do gach scoláire.

Bíodh is go gcuireann an Roinn Oideachais (RO) am gairmiúil ar fáil do phleanáil múinteoirí (40 nóiméad in aghaidh na seachtaine), mhol go leor múinteoirí go bhfuil gá le níos mó ama.

I dTábla 6 tugtar forbhreathnú ar roinnt aiseolais a bhaineann go sonrach le hábhar maidir le pleanáil.

| Pleanáil d'fhoghlaim, do theagasc, do mheasúnú agus do thuairisciú: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar |
|---|
| **Tíreolaíocht** |
| Bhí tuiscint láidir san ábhar seo go raibh feabhas tagtha le himeacht ama maidir leis na dúshláin luatha pleanála nuair a tugadh isteach an tsonraíocht ar dtús. Mar sin féin, moladh go mbeadh nádúr leathan roinnt torthaí foghlama ina dhúshlán leanúnach sa phleanáil, agus cuireadh in iúl go raibh gá le níos mó soiléireachta agus inrochtaineachta a chur ar fáil i gcásanna áirithe. Mar sin féin, cuireadh fáilte roimh an soláthar do neamhspleáchas áitiúil maidir le comhthéacs a chur ar fáil. Tugadh faoi deara go raibh pleanáil éifeachtach múinteoirí agus roinne ríthábhachtach chun tacú leis an scoláire rochtain a fháil ar théarmaíocht na feasachta tíreolaíochta.<br><br>Maidir le pleanáil, cuireadh ábhair imní in iúl faoin easpa paraiméadair shainiúlachta ar leith measta maidir le roinnt torthaí foghlama a chur in iúl. Baineann an tsaincheist seo go páirteach le nádúr na dtorthaí foghlama mar choincheap, a bhfuil sé i gceist leo, trína ndearadh, léirmhíniú a éascú a oireann do chomhthéacsanna éagsúla, nó a bheith solúbtha. Mar sin féin, tugann aiseolas le fios gur bhraith freagróirí i gcásanna áirithe go raibh roinnt torthaí foghlama ró-leathan nó doiléir, rud a fhágann go raibh sé níos deacra Aidhm an ábhair a bhaint amach. |
| **Stair** |
| Thacaigh agus mheas go leor daoine go raibh ainmniú Shraith a hAon 'Nádúr na staire' mar shnáithe imeasctha, a dhírigh ar phríomhscileanna araíonachta a bhaineann le cleachtas an staraí a fhoghlaim, |

ríthábhachtach do chur i bhfeidhm rathúil na sonraíochta. Moladh an tsolúbthacht a cheadaigh do theagmháil le scileanna stairiúla amhail smaointeoireacht chriticiúil, taighde agus anailís. Bhí tuiscint ann go mbeadh fáilte roimh níos mó treorach ar a bhfuil ag teastáil i dtorthaí foghlama áirithe. Bhí roinnt freagróirí den tuairim go raibh an fócas ar thuiscint 'pictiúr mór' ceannasach go leor, soiléir i dtorthaí foghlama a lorg feasacht ar thionchair nó ar thorthaí feiniméan stairiúil, le níos lú fócais ar imeachtaí, próisis, saincheisteanna agus pearsantachtaí stairiúla a iniúchadh go mion.

Thug go leor múinteoirí le fios gur úsáid siad téacsleabhair chun scéimeanna oibre a dhearadh, rud a léirigh an tuairim go raibh téacsleabhair ina gcuir chuige chun torthaí foghlama a ailíniú le topaicí foghlama, rud a fhágann nach gá do mhúinteoirí 'cosa crainn a chur faoi chearc' ina leith seo. Ar bhonn níos forleithne, tugadh faoi deara i roinnt aighneachtaí chuig an athbhreithniú Staire gur chum téacsleabhair san ábhar torthaí foghlama uaireanta i dtéarmaí aonaid scoite inneachair agus tugadh faoi deara gur gá an cur chuige seo a ailíniú leis an bhfócas ar shealbhú agus ar fhorbairt scileanna atá lárnach sa tsonraíocht. Moladh sna cásanna seo go gcuirfí fáilte roimh threoir de chineál éigin ó thaobh conas a d'fhéadfaí torthaí foghlama a léirmhíniú agus go dtabharfadh sí suaimhneas don scoláire agus do mhúinteoirí.

**Eacnamaíocht Bhaile**

Leathnaigh an t-aiseolas ar an bpleanáil chomh fada le roinnt aiseolais fhiúntaigh ar chruth na sonraíochta. Bhí faomhadh láidir tríd is tríd do thorthaí foghlama Shraith a hAon, a mheastar a bheith ar an gceann is tarraingtí don scoláire. Chuir na scoláirí féin in iúl gur bhain siad taitneamh as ranganna praiticiúla cócaireachta agus as an bhfoghlaim ghníomhach i gcoitinne. Bhí imní ar go leor múinteoirí Eacnamaíochta Baile faoi thionchar ranganna a mhaireann uair an chloig. Sa chás gur aistrigh scoileanna chuig ranganna a mhaireann uair an chloig, thuairiscigh múinteoirí go raibh straitéisí maolaithe in úsáid acu, lena n-áirítear ag iarraidh ar na scoláirí obair an ullmhúcháin bia a roinnt roimh ré nó meastóireachtaí cócaireachta a dhéanamh sa bhaile ina dhiaidh sin. Mar sin féin, leag múinteoirí béim ar a thábhachtaí atá sé a bheith in éineacht le scoláirí chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair ullmhúcháin nó mheastóireachta agus chun tacú léi. Dúirt roinnt múinteoirí go bhfuil ranganna uair an chloig ag dul i bhfeidhm ar dhícheall cuí i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta agus ar fhorbairt scileanna ar leith maidir le sláinteachas toisc nach bhfuil am ag scoláirí glanadh suas ina ndiaidh féin.

Ba léir go n-úsáideann go leor múinteoirí téacsleabhair mar thacaíocht phleanála, cé go raibh roinnt tráchtaireachta ó mhúinteoirí thart ar an mbealach éagsúil inar chaith téacsleabhair le cuid de na torthaí foghlama nó inar úsáid siad cur chuige bunaithe ar thopaic seachas cur chuige comhtháite. Léiríodh roinnt ábhair imní faoi nádúr an ailínithe idir roinnt caibidlí téacsleabhair agus torthaí foghlama ar leith.

**Matamaitic**

Tugadh luach agus tacaíocht do phleanáil chomhoibritheach i ngach scoil ar tugadh cuairt orthu agus thug na rannpháirtithe le fios go rabhthas i mbun pleanáil chomhoibritheach le torthaí foghlama. Bhí muinín an mhúinteora as a fhios a bheith aige gur *chlúdaigh sé an t-ábhar inscrúdaithe go léir* fós ina phríomhchúram maidir le pleanáil.

Bíodh agus go raibh meas ag múinteoirí ar chur chuige imscrúdaitheach tascbhunaithe a rinne foghlaim ó gach cuid de na snáitheanna a chomhtháthú, tuairiscíodh go bhféadfadh na tascanna seo a bheith dúshlánach agus fadálach. Bhí tuiscint ann go raibh feabhas tagtha ar chaighdeán na

| | |
|---|---|
| dtéacsleabhar nuair a tugadh isteach an tsonraíocht, agus go leor téacsleabhar anois ag soláthar aonaid chomhtháite foghlama bunaithe ar thorthaí foghlama ó gach cuid de na snáitheanna. D'aithin múinteoirí go ginearálta an áisiúlacht a bhaineann le rúin foghlama agus thug siad le fios go raibh sé níos éasca acu iad seo a dhearadh ná critéir ratha. Baineadh úsáid níos lú as critéir ratha go minic agus den chuid is mó maidir leis an obair ar MRBanna.<br><br>Píosa lárnach aiseolais a thagann chun cinn ón gcomhairliúchán is ea an leibhéal neamhleor ullmhachta a thuairiscítear i measc go leor scoláirí na chéad bhliana chun dul i dteagmháil leis an ábhar nuair a théann siad isteach san iar-bhunoideachas. Sa chomhthéacs seo, díríonn múinteoirí aird ar ábhair imní amhail scoláirí a bhfuil drochscileanna réitithe fadhbanna acu, drochthuiscint ar uimhreacha agus cumas teoranta acu oibriú le codáin, deachúlacha agus céatadáin agus easpa scileanna réamh-mhatamaiticiúla a fhorbraítear de ghnáth trí dhul i ngleic leis an saol laethúil (m.sh., úsáid a bhaint as nathanna mar 'ceathrú uaire' agus iad ag caint faoi am, ag plé le dóchúlacht trí chártaí imeartha). D'fhéach go leor múinteoirí air seo agus iad buartha agus thuairiscigh siad go dtéann sé i bhfeidhm ar cé chomh maith agus is féidir leis an scoláire dul i ngleic leis an tsonraíocht.<br><br>Thug múinteoirí matamaitice ar aird go sonrach go raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim ar an bhfoghlaim, agus thug go leor daoine dá n-aire go raibh sé deacair don scoláire an tuiscint choincheapúil a bhaint amach a bhí riachtanach chun dul i ngleic leis an bhfoghlaim atá leagtha amach sa tsonraíocht mar gheall ar shrianta ar obair chomhoibritheach a bhí riachtanach mar gheall ar fhreagairtí ar an bpaindéim ag leibhéal an tseomra ranga. |
| **Ceol** |
| Bhí meas ag múinteoirí ar dheiseanna chun comhoibriú le múinteoirí eile agus iad ag tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta Ceoil. Go suntasach, thuairiscigh go leor múinteoirí a d'oibrigh i ranna aonmhúinteora a mhéid a thaitin an deis chun teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe i suíomhanna eile leo.<br><br>Thug múinteoirí ceoil faoi deara gur chuir torthaí foghlama creat struchtúrtha ar fáil don phleanáil, leis an acmhainneacht eispéiris foghlama tharraingteacha agus Aonaid Foghlama chuí a chruthú do scoláirí. Tuairiscíodh go bhfuil úsáid theanga na Sraithe Sóisearaí níos soiléire i seomraí ranga agus i gcáipéisíocht pleanála ábhair. Measadh go raibh tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, go háirithe i réimse na pleanála agus na pleanála digití, cabhrach ina leith seo. Bhí aiseolas ann a thug le fios go raibh go leor múinteoirí ag pleanáil ar bhealach comhtháite, ag nascadh torthaí foghlama ar fud na snáitheanna agus na ngnéithe. Dúirt go leor múinteoirí, cé go raibh téacsleabhair faighte acu, go raibh ábhair, acmhainní, agus gníomhaíochtaí in úsáid acu freisin a bhí deartha acu féin. Aithníodh téacsleabhair mar phríomhacmhainn chun pleanáil a threorú, áfach.<br><br>Chun tacú le pleanáil éifeachtach, bhí fáilte leathan ann gur baineadh an t-ábhar forordaithe de shiollabas Ceoil an Teastais Shóisearaigh roimhe seo ach éilíodh i gcuid den aiseolas go mbeadh níos mó soiléireachta agus treorach nó moltaí ann maidir le cad ba cheart nó a d'fhéadfaí staidéar a dhéanamh air. |

**Tábla 6: Pleanáil d'fhoghlaim, do theagasc, do mheasúnú agus do thuairisciú: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar**

## Measúnú

Breithnítear sa chuid seo den tuarascáil aiseolas a eascraíonn ó fhreagróirí maidir le measúnú. Breithnítear an measúnú inti maidir le trí ghné:

- Measúnú Leanúnach
- Measúnuithe Rangbhunaithe
- Socruithe scrúdaithe deiridh.

Cuirtear bonn eolais faoi na gnéithe sin leis an gcur chuige déach i leith measúnú don tSraith Shóisearach, cur chuige a ceapadh chun tacú le foghlaim an scoláire i rith thrí bliana na foghlama agus chun gnóthachtáil a thomhas ag deiridh na dtrí bliana sin. Táthar ag súil go laghdóidh an cur chuige déach sin an bhéim a chuirtear ar an scrúdú deiridh agus go mbeadh na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) agus an measúnú foirmitheach ní ba thábhachtaí. Tagann an t-athrú béime sin ón aitheantas go bhfoghlaimíonn an scoláire sa bhealach is fearr nuair a chuireann an múinteoir aiseolas ar fáil a chuidíonn leis an scoláire tuiscint a fháil ar conas is féidir leis a fhoghlaim a fheabhsú, de réir mar a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015.

### Measúnú Leanúnach

Bhí tuairim choitianta ann ó mhúinteoirí agus ó scoláirí go raibh soláthar aiseolais (scríofa agus ó bhéal) ina ghné láidir de chleachtas an tseomra ranga, agus thug múinteoirí le fios go ginearálta go raibh fócas níos comhfhiosaí agus níos eolasaí acu ar aiseolas múnlaitheach ó tugadh isteach na sonraíochtaí. Ina theannta sin, tugadh le fios go bhfuil feabhas tagtha ar chumas na múinteoirí aiseolas a thairiscint. Aithníodh scrúduithe ranga mar an cineál measúnaithe ranga is coitianta. Aithníodh ceistiú, gníomhaíochtaí ranga, breathnóireacht sa seomra ranga, bileoga oibre agus cleachtaí oibre baile mar fhoirmeacha coitianta measúnaithe sa seomra ranga freisin. Thuairiscigh scoláirí go bhfuair siad aiseolas go rialta, ag aithint cá háit ar éirigh leo ina gcuid foghlama agus ag cur béime ar dheiseanna feabhsúcháin. Tugadh an t-aiseolas sin ar pár agus ó bhéal araon.

### Measúnuithe Rangbhunaithe

Bhí neart airde ar thaithí na Measúnuithe Rangbhunaithe ann ó fhreagróirí ar an athbhreithniú ar fud na n-ábhar ar fad. Bhí ceangal idir cuid mhór de na tuairimí a léiríodh le gach ceann de na cúig ábhar, rud a léiríonn dearcthaí dearfacha agus diúltacha araon.

Ar an iomlán, agus aiseolas cineálach á thabhairt acu ar MRBanna, rinne múinteoirí trácht ar luach MRBanna d'fhorbairt scileanna agus ar na deiseanna a thugann siad d'obair foirne, do mhachnamh agus do mheastóireacht, agus do scoláirí de gach cumas le go mbeidh siad rathúil. Rinne roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara tagairt shonrach do MRBanna mar phríomhuirlis leis na príomhscileanna a threorú. Bhí na scoláirí dearfach faoina dtaithí ar a bheith ag obair le MRBanna, agus faoin tuiscint ar an tsaoirse a bhí acu agus iad ag obair ar réimsí a bhfuil spéis phearsanta acu iontu.

D'aithin na freagróirí ar múinteoirí iad go raibh rómheasúnú mar thoradh ar an drogall scrúduithe inmheánacha a chur in ionad MRBanna i roinnt scoileanna, rud a measadh a bhí ag dul i bhfeidhm go diúltach ar fholláine scoláirí agus a chuir le heaspa stádais do MRBanna. Bhain an t-aiseolas criticiúil is coitianta ar MRBanna ó fhreagróirí comhairliúcháin le grádú de réir tuairisceora seachas céatadáin, dearcadh diúltach ar theidil tuairisceoirí, an líon teoranta tuairisceoirí agus deacrachtaí maidir le tacú leis an scoláire a bheith rathúil i ndáil le tuairisceoirí ar leith, go háirithe iad siúd a bhaineann le machnamh nó le hobair scríofa.

Thagair roinnt scoláirí do sceidealú MRBanna ina scoil mar chúis struis, toisc go raibh orthu déileáil le MRBanna iomadúla ar fud ábhair éagsúla ag an am céanna. Chuir an t-am ina reáchtáiltear an MRB dúshláin roimh roinnt múinteoirí, go háirithe iad siúd a raibh baint acu le scrúduithe praiticiúla. Mheas siad go raibh críochnú agus measúnú MRB, roimh an scrúdú praiticiúil, ag laghdú agus ag baint fócais ón bhfeidhmíocht phraiticiúil ag am tábhachtach don scoláire.

I gcás roinnt scoláirí, braitheadh go raibh MRBanna mar thasc difriúil ar leith maidir le foghlaim leanúnach sa seomra ranga. Mar thoradh air sin, bhreathnaigh cuid acu ar MRBanna mar rud nach raibh gá leo nó mar rud a chuireann isteach ar an bhfoghlaim seachas a bheith mar chuid lárnach di.

Léirigh go leor scoláirí míshástacht leis an struchtúr grádaithe agus tuairiscithe do MRBanna. Mhol scoláirí agus múinteoirí go láidir go gcuirfeadh na MRBanna ar bhealach níos suntasaí lena ngrád foriomlán don tsraith shóisearach. Ina thaobh sin freisin, ní raibh roinnt scoláirí, a raibh an tsraith shóisearach críochnaithe acu agus a bhí sa tsraith shinsearach ansin, ar an eolas ar fad faoi thuairisceoirí a bronnadh dá MRBanna toisc nach bhfuair siad a bPróifíl Ghnóthachtála don tSraith Shóisearach.

Léiríodh ábhair imní faoi dhúshláin maidir le MRBanna a chríochnú i ndáil le ham chun scileanna taighde agus digiteacha a fhorbairt mar aon le rochtain ar ghléasanna digiteacha. Rinne roinnt múinteoirí tagairt freisin do dhúshláin na hintleachta saorga agus na bradaíola ina n-aiseolas.

I dTábla 7 tugtar forbhreathnú ar roinnt aiseolais a bhaineann go sonrach le hábhair maidir le MRBanna.

| Measúnú Rangbhunaithe: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar |
|---|
| **Tíreolaíocht** |
| Mar gheall ar shocruithe Covid-19 chun aghaidh a thabhairt ar chur isteach ar fhoghlaim, ní raibh na scoláirí ach tar éis MRB 1 'Tíreolaíocht sa nuacht' a dhéanamh. Bhí an t-aiseolas maidir le heispéireas MRB dearfach den chuid is mó. Labhair na scoláirí go dearfach faoin tsaoirse a bheith acu ábhair is spéis dóibh a roghnú agus bhain siad taitneamh as a gcuid oibre a chur i láthair a ranga. B'ábhar spéise é gur labhair na scoláirí a roghnaigh topaic iad féin ar bhealach níos dearfaí faoin eispéireas ná na scoláirí sin a bhféadfadh sé gur mhol a múinteoirí topaicí dóibh.<br><br>Thuairiscigh múinteoirí go raibh brúnna ama orthu ag éascú foghlama i dtorthaí foghlama na sonraíochta agus sa MRB, agus dúirt go leor scoláirí go raibh an t-eispéireas MRB mar a bheadh 'sos deas' ón 'ngnátheispéireas' foghlama Tugann an t-athbhreithniú le fios nár breathnaíodh ar an MRB mar chuid den turas foghlama ach mar rud beag a chuir leis an bhfoghlaim. Breathnaíodh air mar eispéireas dearfach ach cuireadh míshuaimhneas in iúl maidir lena luach ó thaobh an mheasúnaithe fhoriomláin de. Thuairiscigh múinteoirí agus ceannairí scoile leibhéil struis níos airde agus imní i measc scoláirí maidir le tréimhsí MRB. |
| **Stair** |
| D'aontaigh formhór na múinteoirí go bhféadfaí scileanna taighde agus anailíse a fhorbairt trí MRB1. Chreid siad gur bhain scoláirí tairbhe as teagmháil lena bpobail, lena leabharlanna agus lena |

gcartlanna áitiúla agus iad i mbun taighde ar a gcuid topaicí ar leith agus gurbh é sin an láidreacht a bhain le MRB1. Níor phléigh formhór na múinteoirí a chuaigh i dteagmháil leis an bpróiseas comhairliúcháin i dteagmháil le CBA2 mar gheall ar na coigeartuithe ar na socruithe measúnaithe. Mhol roinnt múinteoirí go mbeadh MRB2 níos tairbhí do scoláirí mar go raibh ceangal i bhfad níos dlúithe aige le staidéar taighde na hArdteistiméireachta (an dara comhpháirt mheasúnaithe). Moladh gur cheart do scoláirí a roghnú cén MRB is mó ar mhaith leo tabhairt faoi, ach ar fud an tsuirbhé ba léir go raibh fadhbanna ag baint leis an easpa marcanna do ghrád scrúdaithe deiridh. Chreid formhór na múinteoirí gur cheart deireadh a chur leis an Tasc Measúnaithe agus gur cheart go dtabharfaí faoi MRB amháin agus luach 10% á chur leis an ngrád deiridh.

Léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil gá le teanga níos soiléire i nGnéithe Cáilíochta atá leagtha amach do na MRBanna. Measadh go raibh fadhbanna ag baint le hidirdhealú a dhéanamh idir ‘tuiscint an-fhorbartha ar chomhfhiosacht stairiúil’ agus 'tuiscint láidir ar chomhfhiosacht stairiúil’ agus go raibh gá ann le soiléiriú. Thuairiscigh scoláirí i bhfócasghrúpaí gur bhain siad taitneamh as a bheith ag obair ar MRB1, go háirithe i gcás ina raibh caidreamh fiúntach éigin ag an téama a roghnaigh siad lena dteaghlach nó lena gceantar féin.

### Eacnamaíocht Bhaile

Thug roinnt múinteoirí faoi deara gur athraigh a ndearcadh i leith MRB1 le himeacht ama de réir mar a bhí an tionchar dearfach ar fhorbairt scileanna inaistrithe na scoláirí (pleanáil, bainistíocht ama, eagarthóireacht, scileanna teicstíle), ionchuimsiú, folláine agus leibhéil taitnimh le feiceáil go soiléir. D'aithin múinteoirí agus scoláirí araon an luach a bhaineann le rogha a thabhairt do scoláirí laistigh de MRB1. Bhí meon dearfach ag roinnt múinteoirí ar an nasc idir MRB1 agus bainistíocht agus inbhuanaitheacht acmhainní, agus comhtháthú an mhachnaimh agus an aiseolais in MRB1. D'aithin cuid eile nasc idir MRB1 agus cúrsa roghnach Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta ar Theicstílí, Faisean agus Dearadh. Leag formhór na scoláirí béim ar thábhacht an phróisis chruthaithigh in MRB1 agus ba mhinic a thagair siad don ghné shuaimhneach agus theiripeach a bhaineann le táirgeadh a gcuid oibre teicstíle. Tuigeann múinteoirí agus scoláirí araon an mothú gnóthachtála a bhaineann le táirge deiridh a fhorbairt.

Ó thaobh na hionchuimsitheachta de, dúirt roinnt múinteoirí agus scoláirí nár thaitin obair theicstíle le gach duine agus d’ardaigh imní faoi MRB1 dóibh siúd a bhfuil dúshláin deaslámhachta nó dúshláin mhínluaileacha acu, agus do dhaoine eile a bhféadfadh trealamh speisialaithe a bheith ag teastáil uathu. D'fhéach roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara ar an gceanglas fianaise scríofa ar chur ar fáil in MRB1 (agus ar an éagothroime sna Gnéithe Cáilíochta ina bhfuil dhá cheann den trí thuairisceoir dírithe ar fhianaise scríofa) mar cheanglas eisiatach, agus mhol gur cheart go mbeadh formáid na fianaise roghnach.

Measadh go raibh MRB2 níos luachmhaire ná MRB1 ag cuid acu, toisc go bhfuil sé nasctha leis an scrúdú praiticiúil ar fiú 50% de na marcanna é, agus toisc go gcuireann sé bunús bunaithe ar scileanna ar fáil do dhialann Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta. Breathnaíodh go fabhrach freisin ar an laghdú ar líon na dtreoracha go dtí trí cinn.

Bhí sé de nós ag freagróirí comhairliúcháin, scoláirí san áireamh, a leag béim ar dhúshláin a bhaineann le MRB2, a bheith ag díriú ar na treoracha. Ba iad na gearáin ná gur féachadh orthu a bheith rótheicniúil, ródheacair i bhfianaise aois/chéim na Sraithe Sóisearaí, nach raibh siad ag teacht le fírinní ranganna a mhaireann uair an chloig, agus gur chuir siad srian le rogha.

D'aithin scoláirí go raibh níos mó oibre ag teastáil ó roinnt treoracha ná a chéile agus mheas siad go raibh sé seo éagórach. Dúirt siad freisin gurbh fhearr leo a bheith ag cócaireacht ná a bheith ag scríobh faoi chócaireacht.

D'aithin múinteoirí go raibh na gnéithe taighde agus aiseolais de MRB2 dúshlánach ag roinnt scoláirí. Bhain sé seo le hiarratas ar thacaíocht níos mionsonraithe sna Treoirlínte Measúnaithe ar raon feidhme an taighde a atá ag teastáil le haghaidh MRB2. Bhain dúshlán eile a d'aithin na múinteoirí le huainiú infhaighteacht na dtreoracha. D'áitigh na rannpháirtithe seo, tar éis na treoracha a eisiúint, gur cúngaíodh cleachtas cócaireachta leis an raon mias a bhaineann le treoracha agus mar ullmhúchán don scrúdú praiticiúil, rud a chuir isteach ar thaithí fhoriomlán na scoláirí ar chócaireacht.

### Matamaitic

Labhair scoláirí agus bainistíocht scoile ar bhealach níos dearfaí ná múinteoirí faoi luach na MRBanna maidir le tacú le foghlaim sa mhatamaitic. Bhí tuairim an-láidir ann gur leor MRB amháin. Bhí roinnt aiseolais ann a thug le fios go bhféadfaí féachaint ar an bhfócas imscrúdaithe staidrimh in MRB2 mar fhócas níos inrochtana don scoláire sa dara bliain agus ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí breathnú ar an tríú bliain mar shuíomh níos oiriúnaí don imscrúdú matamaiticiúil arb é fócas MRB1 é, a measadh a bheith níos dúshlánaí ó thaobh cognaíochta de. Mar sin féin, breathnaíodh go moltach ar chineál agus ar fhócas na MRBanna tríd is tríd.

### Ceol

Le linn an athbhreithnithe, áit a raibh múinteoirí ag plé le CBA1, thuairiscigh siad é mar bhuaicphointe na sonraíochta nua, cé nach raibh an MRB seo éigeantach faoi shocruithe athbhreithnithe a tugadh isteach mar gheall ar an bpaindéim. Rinne aiseolas an mhúinteora tagairt do thriail a bhaint as foghlaim nua trí MRB1, rud a éascaíonn forbairt ghuth agus fhéiniúlacht an scoláire araon. Thuairiscigh na scoláirí leibhéil arda taitnimh sa tsaoirse a bhaineann leis an gcumadóireacht. Bhí fianaise ann gur thacaigh MRB1 le scoláirí go leor de phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhoghlaim agus a fhorbairt. Thagair go leor freagróirí ina n-aiseolas ar MRB1 do Machnamh Scoláire nach mór a chur san áireamh le gach ceann den dá phíosa a roghnaíodh chun críocha measúnaithe. Léirigh an t-aiseolas an gá atá le hoscailteacht i bhformáidí éagsúla machnaimh, lena n-áirítear fuaim/ó bhéal, agus chun aghaidh a thabhairt ar mhíthuiscint go raibh an teimpléad machnaimh reatha a cuireadh ar fáil sna Treoirlínte Measúnaithe éigeantach, agus dá réir sin, nach raibh neamhspleáchas agus rogha an scoláire ag baint dó.

Bhí comhaontú leathan ann go raibh rochtain ag gach scoláire ar MRB2 agus gur thairg sé deiseanna foghlama amhail; eolas níos doimhne ar a gcuid píosaí; doimhneacht agus muinín a chur lena léiriú; agus dóchúlacht laghdaithe go n-iarrfadh scoláire a gcuid píosaí léirithe a athrú roimh an scrúdú. Thuairiscigh scoláirí a raibh an dá MRB curtha i gcrích acu go raibh MRB2 níos soláimhsithe ná MRB1. Thagair roinnt múinteoirí freisin d'éagothromaíocht a bhraitear idir MRB1 agus MRB2, ag ceistiú cheolmhaireacht MRB2 agus ag tabhairt le fios go raibh MRB2 'trom ar théacs'. Níor thuairiscigh múinteoirí aon deacracht maidir leis na tuairisceoirí a bhronnadh ar na MRBanna. Dúirt roinnt múinteoirí gur tharla sin mar gheall go leantar leagan amach den chineál céanna sa mheasúnú ar scoláirí le haghaidh scrúduithe praiticiúla leis an CSS, a raibh go leor múinteoirí tar éis plé leis. Tairgtear tuilleadh aiseolais a bhaineann le MRB 2 níos déanaí sa tuarascáil seo maidir leis an Scrúdú Praiticiúil.

**Tábla 7: Measúnú Rangbhunaithe: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar**

## Próiseas AFMÁ

Bhí moladh leathan ag dul don taithí ó chruinnithe AFMÁ. D'aithin múinteoirí an deis chun obair éagsúil scoláirí a fheiceáil agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar na Gnéithe Cáilíochta mar rudaí dearfacha a bhaineann leis an bpróiseas AFMÁ. Thagair siad d'úsáideacht an phróisis chun smaointe agus eiseamláirí a ghiniúint do MRBanna amach anseo. Ba é an buntáiste ba mhinice a luadh ná an comhoibriú gairmiúil a cumasaíodh le AFMÁnna. Measadh go raibh sé seo thar a bheith tábhachtach do mhúinteoirí ábhair aonair ar éirigh leo páirt a ghlacadh i bpróisis AFMÁ le comhghleacaithe i scoileanna eile, go háirithe sa Cheol agus san Eacnamaíocht Bhaile.

Labhair múinteoirí a raibh meon dearfach acu i leith AFMÁnna faoi úsáid a bhaint as Treoirlínte Measúnaithe mar thacaíocht luachmhar sa phróiseas AFMÁ. D'aithin siad freisin an úsáideacht a bhaineann leis na samplaí d'obair na scoláirí ar www.curriculumonline.ie chun comhthuiscint ar na Gnéithe Cáilíochta a chumasú, go háirithe ina gcéad eispéireas ar AFMÁnna, nuair nach raibh siad chomh muiníneach céanna faoi obair na scoláirí a mheas. Labhair roinnt múinteoirí faoi chruinniú AFMÁ a mhíniú dá scoláirí, cleachtas a maíonn siad go bhféadfaidh tionchar a bheith aige ar luach a gcuid oibre MRB a chur ina luí ar scoláirí. Is léir ón aiseolas gur éirigh an próiseas AFMÁ níos soláimhsithe agus níos éifeachtaí de réir a chéile in go leor scoileanna.

Le linn cuairteanna scoile, nuair a labhair múinteoirí faoi dhúshláin a bhaineann le AFMÁ, bhí sé de nós acu díriú ar sceidealú chruinnithe AFMÁ, rud a tharlaíonn go minic in am múinteora féin, de réir cosúlachta. Mheas roinnt múinteoirí gur ghlac cruinnithe AFMÁ an iomarca ama, thagair siad d'ualach trom oibre a bhain le AFMÁnna, nó rinne siad gearán go mbíonn ar an duine céanna éascú a dhéanamh i gcónaí.

Mar sin féin, bhreathnaigh beagnach gach múinteoir ar chruinnithe AFMÁ mar eispéireas dearfach. Tugadh aitheantas forleathan do na buntáistí foghlama gairmiúla a bhaineann le smaointe agus foghlaim a roinnt, agus don chaoi ar chuir an cruinniú braistint sábháilteachta, nó 'líontán sábhála' ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag tuairisciú ar ais do thuismitheoirí agus do scoláirí. I measc na ndúshlán a bhain le dul i ngleic go héifeachtach leis an AFMÁ bhí easpa ama, dúshláin maidir le múinteoirí a aimsiú ó scoileanna ina labhraítear Gaeilge le plé leo, agus na contúirtí a bhaineann le ligean do chlaontacht phearsanta bac a chur ar bhreithiúnais a dhéanamh.

## Samplaí de Shaothar na Scoláirí

Luaigh go leor múinteoirí ar fud na n-ábhar go léir an luach a bhaineann le samplaí foilsithe CNCM d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie. Measadh go raibh na samplaí thar a bheith tábhachtach agus tairbheach, agus thacaigh siad le múinteoirí chun acmhainn agus éagsúlacht na bhféidearthachtaí do scoláirí a thaispeáint. San aiseolas ar fad, bhí múinteoirí go láidir den tuairim go raibh a leithéid d'eiseamláirí caighdeánacha tábhachtach, agus i gcásanna áirithe ba ghá iad a nuashonrú agus a athnuachan. Ba léir go raibh fonn ann samplaí éagsúla de chaighdeán arna gcur i láthair i leaganacha amach éagsúla a fheiceáil. Sonraíodh go raibh iarraidh ann go leathnófaí fairsinge na samplaí a bhí ar fáil, go háirithe samplaí a léiríonn an tuairisceoir *Ag teacht leis na hionchais*, ach tuairisceoirí eile chomh maith. Bhí aiseolas ann freisin inar lorgaíodh tuilleadh samplaí Gaeilge d'obair na scoláirí a bheith curtha san áireamh, i gcás inarb fhéidir.

## Scrúdú Praiticiúil

I gcás an Cheoil agus na hEacnamaíochta Baile, tá socruithe scrúdaithe difriúil ó ábhair Chéim 4 eile ar phríomhbhealach amháin; is é sin, soláthar do scrúdú praiticiúil. Dá bhrí sin, leagtar béim sa chuid seo ar roinnt aiseolais a fuarthas ar thaithí scrúduithe praiticiúla sa dá ábhar seo.

### Eacnamaíocht Bhaile

Bhí formhór na múinteoirí, na bpáirtithe leasmhara agus na scoláirí dearfach faoin scrúdú praiticiúil. Chreid múinteoirí go raibh scrúdú praiticiúil cócaireachta riachtanach ó thaobh forbairt scileanna de, lena n-áirítear scrúdú a bhaineann le cruthaitheacht agus meastóireacht. Thuig siad tairbhe an scrúdaithe chun muinín agus braistint ghaisce a chothú do scoláirí, rud atá thar a bheith tábhachtach dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt murach sin. Mheas formhór na bhfreagróirí go raibh ualú ag 50% cothrom, cé gur áitigh roinnt scoláirí ar son 70%. Mhaígh múinteoirí go bhfuil tuismitheoirí muiníneach faoi 50%, go háirithe má bhíonn an fhoghlaim níos dírithe ar inneachar dúshlánach ag a bpáiste.

Bhí meas ag go leor múinteoirí agus páirtithe leasmhara ar an nasc idir MRB2 agus an scrúdú praiticiúil. Mhaígh siad gur thug sé sin am agus spás don scoláirí chun taighde luachmhar a dhéanamh atá nasctha leis an scrúdú praiticiúil. Bhí deacrachtaí ag roinnt scoláirí idirdhealú a dhéanamh idir MRB2 agus an scrúdú praiticiúil. Aithníodh an fad ama idir críochnú MRB2 agus an scrúdú praiticiúil mar fhadhb ina leith seo. Chuir roinnt freagróirí cás chun tosaigh freisin go mbeadh gné den scrúdú praiticiúil nasctha le MRB1.

Sa chás gur thug freagróirí aiseolas criticiúil a bhain go sonrach leis an scrúdú praiticiúil, díríodh ar an gcostas airgeadais do scoláirí agus ar mhí-ailíniú idir ranganna a mhaireann 1 uair an chloig agus an scrúdú 1.5 uair an chloig níos faide. Bhí múinteoirí cáinteach ar an ngearrfhógra don scrúdú agus ar an riachtanas go n-oibreodh 12 scoláire le chéile agus go roinnfidís trealamh le linn an scrúdaithe, ag breathnú air seo mar rud a imríonn tionchar diúltach ar rogha na scoláirí.

### Ceol

Chuir múinteoirí agus scoláirí fáilte leathan roimh an Scrúdú Praiticiúil. Breathnaíodh ar pharaiméadair leathana an scrúdaithe mar pharaiméadair ionchuimsitheacha, rud a thug deis do scoláirí níos mó úinéireachta a ghlacadh ar a bhfeidhmíocht. Cuireadh fáilte d'aon ghuth roimh an deis do scoláirí a gcuid píosaí féin a dhéanamh mar chuid dá scrúdú praiticiúil.

Breathnaíodh ar an riachtanas don Scrúdú Praiticiúil a áirítear sa chuid Measúnaithe agus Tuairiscithe den tsonraíocht mar riachtanas soiléir a thugann dóthain sonraí do scoláirí agus do mhúinteoirí.

Rinne scoláirí agus múinteoirí araon tagairt do rithim amharcléimh mar rud thar a bheith dearfach. Ba chosúil freisin go raibh go leor múinteoirí ag baint triail as an rogha tobchumadóireachta lena gcuid scoláirí. Cuireadh é seo i leith na tagartha sainráite do thobchumadóireacht i roinnt torthaí foghlama.

Bíodh is gur luaigh go leor múinteoirí gur chreid siad gur leor an 30% de na marcanna deiridh a bheith bronnta, bhí roinnt daoine ann a mheas gur cheart é seo a mhéadú go 40% nó 50% agus go mbeadh sé sin ag teacht níos láidre le Ceol na hArdteistiméireachta. Tuairiscíodh san aiseolas

dúshláin iarmharacha a bhaineann le dúnadh scoileanna le linn phaindéim COVID-19. Bhí sé sin le sonrú in aiseolas a bhain le laghdú suntasach ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí déanta ceoil ag grúpaí agus i léirithe.

Cé gur tugadh tionchar na socruithe measúnaithe athbhreithnithe faoi deara le linn an aiseolais bhí dhá phríomhghné ag baint leis. Ar an gcéad dul síos, le linn COVID -19 agus ina dhiaidh, thuairiscigh múinteoirí laghdú suntasach i ndéanamh ceoil ag grúpaí agus i rannpháirtíocht ghrúpa i scrúduithe praiticiúla. Ar an dara dul síos, bhí éifeacht dhiúltach iarmharta ag an laghdú ar líon na bpíosaí a bhí ag teastáil don scrúdú praiticiúil, ó thrí cinn go péire, ar chur i gcrích MRB2. Tuairiscíodh gur éirigh MRB2: an Nóta Cláir, isteach ina thionscadal a bhí le críochnú coicís roimh an scrúdú deiridh agus nár scil forbartha a neartaíodh le himeacht ama a bhí i gceist leis.

## An Measúnú Deiridh

Díríonn an chuid seo den tuarascáil ar thaithí ar an scrúdú deiridh. Bíodh is go bhfuil struchtúr éagsúil ag gach scrúdpháipéar ábhair, tá forbhreathnú ar aiseolas a eascraítear atá coitianta do gach ábhar leagtha amach thíos, sula bhféachtar ar aiseolas a bhaineann go sonrach le hábhar.

Dúirt scoláirí agus múinteoirí araon gur mhór acu dá bhféadfaí na marcanna a leithdháiltear do gach ceist a léiriú ar an scrúdpháipéar scríofa. Chabhródh sé seo le scoláirí a gcuid ama agus iarrachta a leithroinnt ar bhealach níos éifeachtaí.

Breathnaíodh ar raon leathan agus ábharthacht na gceisteanna sa scrúdú scríofa d'ábhair mar rud dearfach agus ba mhór ag múinteoirí a bheith in ann an fhoghlaim ón tsonraíocht a aithint go soiléir sna ceisteanna. D'aithin múinteoirí struchtúr na gceisteanna ag aistriú ó bhuncheisteanna go ceisteanna níos dúshlánaí agus thuig siad gur dearadh ceisteanna ionas gur féidir le gach scoláire iarracht a dhéanamh agus rath de chineál éigin a bheith acu i ngach rannóg. Admhaíodh freisin go bhfuil na scrúduithe deartha chun scil a mheas seachas 'ábhar' traidisiúnta.

Mar a luadh cheana, ardaíodh Leibhéal Comónta an scrúdpháipéir i ngach ábhar, seachas an Mhatamaitic, mar ábhar imní. Thug roinnt freagróirí faoi deara nach raibh an Leibhéal Comónta dúshlánach go leor do scoláirí áirithe agus go raibh sé ródhúshlánach do scoláirí eile. I gcás na Staire agus na Tíreolaíochta, ábhair ar ardaíodh leibhéil litearthachta mar cheist ghaolmhar ina leith, measadh go raibh sé seo ábhartha. Ardaíodh ceisteanna maidir le hinrochtaineacht agus ionchuimsiú sa chomhthéacs seo freisin.

I dTábla 8 tugtar forbhreathnú ar roinnt aiseolais a bhaineann go sonrach le hábhair maidir leis an Scrúdú Deiridh.

| An Measúnú Deiridh: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar |
|---|
| **Tíreolaíocht** |
| Bhí sé suntasach go raibh baint dhíreach ag tuairimí go leor freagróirí ar thorthaí foghlama leis an scrúdú. Thuairiscigh siad go raibh siad muiníneach ag leibhéal an tseomra ranga as na torthaí foghlama; áfach, léirigh cuid acu i bhfad níos lú muiníne as an gcaoi a raibh na scoláirí ullmhaithe don scrúdú deiridh. Luaigh múinteoirí go raibh sé ina phríomhthosaíocht a chinntiú go n-éireoidh le scoláirí sa scrúdú agus léirigh siad roinnt díomá le heaspa comhleanúnachais braite idir an |

tsonraíocht agus an scrúdú, ón taithí a raibh acu air go dtí seo. Bhí an tuairim sin ann chomh maith le haiseolas a bhain le scoláirí ag déanamh staidéir ag leibhéal comónta agus na bandaí leathana gnóthachtála (go sonrach na bandaí 'tuillteanas' agus 'ardtuillteanas'). Léirigh múinteoirí agus scoláirí Tíreolaíochta araon tuairimí láidre ar leithead na mbannaí agus ar an tionchar diúltach a bhí aige seo ar mheanma agus inspreagadh na scoláirí. I gcásanna áirithe luaigh freagróirí go raibh tionchar diúltach ag na bandaí gnóthachtála ar thuairimí pearsanta na scoláirí ar a gcumas féin.

### Stair

Chuir go leor freagróirí ar múinteoirí iad ábhair imní in iúl maidir leis an scrúdú deiridh. Thuairiscigh tromlach na múinteoirí go raibh go leor scoláirí faoi mhíbhuntáiste mar gheall nach raibh marcanna ar bith ar an bpáipéar ós rud é nach raibh a fhios acu cé chomh domhain agus a bhíothas le dul isteach sa cheist. Léiríodh é seo go cothrom i dtuairimí a rinneadh i bhfócasghrúpaí scoláirí scoilbhunaithe, inar thuairiscigh freagróirí go raibh sé deacair acu an leibhéal freagartha a bhí ag teastáil a fháil amach gan tuairim a bheith acu faoi luach na gceisteanna. Shonraigh go leor scoláirí a rinne an scrúdú nár oibrigh siad mar ba cheart ó thaobh ama de ar a gcuid scrúdpháipéar.

Toisc go bhfuil an scrúdpháipéar staire ar an Leibhéal Comónta, bhraith go leor freagróirí sa suirbhé go raibh fadhb ag baint leis an teanga a úsáideadh sa pháipéar. I gcás roinnt scoláirí, measadh go raibh na ceisteanna bunúsach agus ró-éasca le freagairt, agus measadh scoláirí eile a bheith faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar réim teanga na gceisteanna.

### Eacnamaíocht Bhaile

Dhírigh na múinteoirí a thrácht go dearfach ar an scrúdú scríofa ar nádúr comhtháite na gceisteanna scrúdaithe, ar an mbéim ar inbhuanaitheacht agus ar an gcaoi a gciallaíonn an easpa intuarthachta nach leor é 'teagasc de réir na scrúduithe' a thuilleadh. I measc na gcomhpháirteanna measúnaithe don Eacnamaíocht Bhaile, áfach, fuair an scrúdú scríofa an t-aiseolas comhairliúcháin ba cháintí. Luaigh na scoláirí na leibhéil iomarcacha staidéir a bhí de dhíth agus cheistigh siad arbh fhiú an 50% a leithdháileadh don scrúdú scríofa. Níor thaitin leo staidéar a dhéanamh ar ábhar nach dtagann aníos sa scrúdú, ag féachaint air seo mar chur amú ama. Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh easpa muiníne acu as a gcumas tacú le scoláirí ullmhú don scrúdú scríofa, agus leag siad sin ar an neamhréir bhraite dar leo idir rún na sonraíochta, a dhíríonn ar scileanna agus próisis, agus an scrúdú atá dírithe níos mó ar rud a tháirgeadh.

Thug aiseolas ó roinnt páirtithe leasmhara agus múinteoirí le fios go raibh réim na teanga i gceisteanna scrúdaithe ródheacair go minic. Mar thoradh ar cheisteanna a tuairiscíodh a bheith ró-leathan, scríobh roinnt scoláirí freagraí leathana nuair a bhí gá le freagraí sonracha; idir an dá linn, tuairiscíodh go raibh sé deacair ag scoláirí áirithe eile na briathra gnímh i gceisteanna a aimsiú.

Bhí an cineál seo aiseolais nasctha le cáineadh ar an aistriú ón Ardleibhéal agus ón nGnáthleibhéal go dtí an Leibhéal Comónta de ghnáth. Cáineadh an páipéar freisin as easpa rogha. Chreid roinnt scoláirí agus múinteoirí go raibh an páipéar rófhada agus thug siad faoi deara gur chuir sé seo brú ama ar na scoláirí i gcomhthéacs an scrúdpháipéir uair an chloig. De cheal marcanna atá léirithe ar an bpáipéar, bhí roinnt tráchtaireacht cháinteach ann toisc nach dtugann formáidiú an pháipéir leideanna faoi thábhacht na gceisteanna i gcodanna éagsúla.

| | |
|---|---|
| D'aithin múinteoirí go raibh siad faoi bhrú ama a bhaineann go sonrach le hábhar (seomraí ranga a ullmhú, cigireachtaí sláinte agus sábháilteachta), rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar an am le hullmhú do chruinnithe AFMÁ. |
| **Matamaitic** |
| Tuairiscíodh tuairimí measctha sa díospóireacht a bhain leis an measúnú scríofa. Bhí na scoláirí agus formhór na múinteoirí ar labhraíodh leo sásta go raibh scrúdpháipéar scríofa amháin ann. Bhain formhór na n-ábhar imní a léirigh scoláirí faoin bpáipéar scríofa leis an méid spáis a bhí ar fáil do fhreagraí. Bhí dearcadh soiléir acu gurb amhlaidh dá mhéad a bhí an spás, is amhlaidh is mionsonraithe an freagra a bhí ag teastáil. Tugadh le fios go raibh roinnt éiginnteachta ann do scoláirí dá bharr. Mhothaigh múinteoirí áirithe go raibh an fhoclaíocht ag roinnt ceisteanna casta nuair nach raibh gá leis, agus go raibh an tuairim seo ag go leor scoláirí freisin.<br><br>Ní raibh múinteoirí áirithe róthógtha céanna leis an aistriú go dtí scrúdpháipéar amháin agus d'iarr siad go dtabharfaí an dá scrúdpháipéar agus an scrúdú Bonnleibhéil ar ais. Ba é an réasúnaíocht a bhí leis ná nár shíl siad go raibh sé indéanta an fhoghlaim ar fad a mheas in aon pháipéar amháin agus nach raibh scrúdú Gnáthleibhéil ag freastal ar roinnt scoláirí. |
| **Ceol** |
| Breathnaíodh ar fhairsinge leathan na foghlama a léiríodh sna scrúdpháipéir dheiridh a d'eisigh an CSS go dtí seo mar rud a dhaingníonn an cur chuige neamhlíneach chun dul i ngleic leis an tsonraíocht agus chun nádúr comhtháite na foghlama ar fud na dtrí shnáithe a chur chun cinn.<br><br>Ina n-aiseolas, d'aithin múinteoirí go raibh cuid den ábhar céanna san fhoghlaim a ndearnadh measúnú uirthi, ach dúirt siad nach raibh aon intuarthacht sa pháipéar. Bíodh is go raibh imní áirithe ann faoin easpa intuarthachta seo, dúirt múinteoirí go n-éireoidh siad níos compordaí leis an leagan amach nua de réir mar a tharlódh níos mó scrúduithe.<br><br>D'aithin roinnt múinteoirí an teanga a úsáideadh sa scrúdú scríofa mar ábhar imní. Thug an t-aiseolas le fios go mb'fhéidir nach mbeadh scoláirí ag léamh na gceisteanna ar bhealach cúramach go leor, nó ar bhonn níos minice, agus nach mbeadh scileanna litearthachta leordhóthanacha acu chun ceisteanna a léirmhíniú. Dúirt múinteoirí áirithe nach raibh an páipéar scríofa ag tabhairt a ndóthain dúshlán do scoláirí áirithe. Thug an t-aiseolas le fios go raibh roinnt múinteoirí dírithe ar scoláirí a ullmhú do cheisteanna scrúdaithe seachas breathnú ar an scrúdú mar mheasúnú ar an bhfoghlaim ar fad a rinneadh sna trí bliana den tsraith shóisearach. |

**Tábla 8: An Measúnú Deiridh: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar**

## Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach

### Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach

Bhí fianaise san aiseolas a fuarthas go raibh imní ar go leor freagróirí faoi bhearna bhraite a bheadh ar scoláirí a dhúnadh idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach ar fud na n-ábhar. Tugtar breac-chuntas ar na hábhair imní seo do gach ábhar sa tábla seo a leanas.

| Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach: Barúlacha a bhaineann go sonrach le hábhar | |
|---|---|
| **Tíreolaíocht** | Tugadh faoi deara, nuair a thaitin gnéithe den tsonraíocht le scoláirí, gur méadaíodh a ndíograis don ábhar i gcoitinne agus go raibh siad níos spreagtha chun tabhairt faoi sa tsraith shinsearach. Moladh deiseanna do scoláirí tabhairt faoi réimsí spéise ina leith seo. Thuairiscigh múinteoirí, áfach, ábhair imní faoin easpa deiseanna do scoláirí tabhairt faoin scríbhneoireacht fhadaithe. Tuairiscíodh na hábhair imní seo maidir leis an easpa ullmhachta braite i dtaca leis na héilimh a bhaineann le Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Léirigh múinteoirí imní go raibh tionchar ag easpa deiseanna den sórt sin le haghaidh scríbhneoireacht fhadaithe ar fhorbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla na scoláirí, a fheictear a bheith bainteach le gníomh na scríbhneoireachta agus dá bharr sin go bhfuil sé ag dul i bhfeidhm ar líon na scoláirí atá ag tabhairt faoin ábhar sa tSraith Shinsearach. |
| **Stair** | Ardaíodh fairsinge na sonraíochta i gcomhthéacs an aistrithe go dtí an tsraith shinsearach. Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh difríocht idir cur chuige leathan an tsuirbhé maidir le himscrúdú a dhéanamh ar phearsantachtaí, imeachtaí, próisis agus saincheisteanna stairiúla sa tSraith Shóisearach agus an anailís dhomhain agus mhionsonraithe atá ar scoláirí a dhéanamh i Stair na hArdteistiméireachta, agus go raibh an chríochnúlacht níos mó sa chomhthéacs sin sa tsraith shinsearach níos dúshlánaí ag scoláirí. Ina thaobh sin freisin, léirigh roinnt aiseolais go raibh imní ann faoin leibhéal ullmhachta a bhí ag scoláirí i dtaca le héilimh na scríbhneoireachta fadaithe ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Measadh go raibh níos lú deiseanna don scríbhneoireacht fhadaithe sa tsonraíocht nua ná mar a bhí faoin Teastas Sóisearach. Tugadh faoi deara freisin gur thacaigh an scríbhneoireacht fhadaithe le sealbhú agus forbairt na smaointeoireachta criticiúla agus leis na scileanna sainiúla disciplín a bhaineann leis an Stair. |
| **Eacnamaíocht Bhaile** | Mhol roinnt múinteoirí gur cheart leanúint den bhéim ar chócaireacht phraiticiúil, inbhuanaitheacht agus folláine ón tSraith Shóisearach agus athbhreithniú á dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta. Idir an dá linn, leagadh béim ar an ról is féidir le modúil Eacnamaíocht Bhaile na hIdirbhliana a imirt maidir le hEacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta a nascadh. Moladh freisin go ndéanfaí modúl nó cúrsa Eacnamaíochta Baile ar leith atá dírithe ar scileanna nó ar thasc praiticiúil a fhorbairt do scoláirí nach dteastódh uathu, b'fhéidir, an Eacnamaíocht Bhaile a dhéanamh mar ábhar iomlán Ardteistiméireachta. |
| **Matamaitic** | Léiríodh imní mar gheall ar an mbearna bhraite idir taithí na Sraithe Sóisearaí ar an Matamaitic agus éilimh na hArdteistiméireachta. Matamaitic. Ba shuntasaí gur thrácht scoláirí atá sa 5ú bliain faoi láthair ar an athrú suntasach luais a tharla san Ardteistiméireacht, ag tabhairt faoi |

| | |
|---|---|
| | deara go raibh an-fhadhbanna ag baint le ceachtanna a chailleadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear gníomhaíochtaí scoile eile, maidir le coinneáil suas le dul chun cinn an ranga.<br><br>Bhí tuairimí éagsúla ann maidir leis an mbealach ab fhearr leis an mbearna a bhraith go leor a bhí ann idir matamaitic na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí a dhúnadh. Labhair go leor múinteoirí faoin ngá atá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhatamaitic na sraithe sinsearaí ionas go mbeadh sé á hailíniú níos fearr le matamaitic na sraithe sóisearaí, agus thug siad faoi deara an deis atá ann é sin a dhéanamh go luath amach anseo i gcomhthéacs phróiseas Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí. Mheas daoine eile gurbh é an freagra ab oiriúnaí chun an bhearna seo a dhúnadh ná athruithe a dhéanamh i matamaitic na sraithe sóisearaí, ionas go mbeadh an tsonraíocht ag ailíniú ar bhealach níos dlúithe le cúrsa reatha na sraithe sinsearaí. |
| **Ceol** | Breathnaíodh ar an mbéim ar chruthaitheacht phearsanta agus nuálaíocht, a bheith cumarsáideach agus comhoibritheach trí cheol, tuiscint ar conas a chruthaítear ceol, agus feasacht ar cheol ag gach leibhéal den phobal i gcomhthéacs stairiúil agus nua-aimseartha, mar chuir chuige thábhachtacha chun tacú le scoláirí agus iad ag aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. Measadh go gcabhródh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí déanta ceoil ag grúpaí trí cheol a chruthú, a fhiosrú, a léiriú agus a mheas ó raon leathan de chultúir dhúchasacha agus idirnáisiúnta araon le scoláirí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sraithe sinsearaí agus an tsaoil lasmuigh den scoil. Ba dhá réimse iad forbairt na scileanna cluastuisceana agus na scileanna cumadóireachta ina raibh feabhas feicthe ag múinteoirí sa tsraith shinsearach. Thug múinteoirí creidiúint don fheabhas sin go díreach as an bhfoghlaim i sonraíocht na sraithe sóisearaí.<br><br>Tuairiscíodh freisin an dúshlán a bhaineann le litearthacht cheoil agus scileanna criticiúla a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo san aiseolas a bhain leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach. Thuairiscigh go leor múinteoirí agus scoláirí go raibh bearna idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach agus an gá atá ann le scileanna amhail léitheoireacht scór, litearthacht cheoil agus anailís cheoil a fheabhsú.<br><br>Mheas roinnt rannpháirtithe nach raibh an fhoghlaim sa tsraith shinsearach chomh hábhartha do scoláirí, ina saolta féin, agus atá an tsonraíocht sa tsraith shóisearach. Bíodh is gur breathnaíodh ar an bhfoghlaim a bheith níos ceolmhaire agus níos taitneamhaí sa tsraith shóisearach, ba iad na paraiméadair a bhí sainmhínithe go soiléir don staidéar sa tsraith shinsearach a measadh a bheith mar spreagthaí tarraingteacha do scoláirí a roghnaigh staidéar a dhéanamh ar an ábhar. I roinnt freagraí ó mhúinteoirí, tuairiscíodh go raibh go leor de na scileanna a foghlaimíodh sa tsraith shóisearach beagnach imithe i léig sa tsraith |

| | |
|---|---|
| | shinsearach mar gheall ar iompraíochtaí teagaisc agus foghlama, mar shampla foirmlí a úsáid don chumadóireacht. |

## Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú

Nuair a fiafraíodh díobh samplaí den chaoi a dtuairiscíonn scoileanna ar dhul chun cinn, rinne roinnt scoláirí tagairt do chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí agus tuairiscí deireadh bliana. Áiríodh orthu seo go hiondúil an marc céatadáin a gnóthaíodh sna scrúduithe inmheánacha agus roinnt aiseolais, ach tuairiscíodh nach raibh roinnt scoláirí tógtha faoin aiseolas, ag tabhairt faoi deara gur minic a tugadh an t-aiseolas foirmleach nó cineálach céanna do na scoláirí ar fad.

Thagair páirtithe leasmhara agus múinteoirí ar fud na n-ábhar do bhéim mhéadaithe ar aiseolas foirmitheach sa rang, le nasc suimiúil déanta idir aiseolas ó mhúinteoirí do scoláirí agus an bhéim ar mheastóireacht agus aiseolas sna MRBanna. Thug formhór na múinteoirí le fios gurb é an príomhathrú tuairiscithe ná comhtháthú theanga an Chreata don tSraith Shóisearach i dtuairiscí scoile do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Aithníodh gur thug seo pictiúr níos iomláine ar an dul chun cinn agus go raibh sé ag teacht leis an mbéim ar fholláine sa tSraith Shóisearach. Tuairiscíodh sa chomhairliúchán go bhfuil an cineál seo tuairiscithe tar éis éirí níos éasca le cleachtas agus le himeacht ama.

Cé gur labhair roinnt múinteoirí faoin luach a bhain le gnóthachtálacha MRB a chur san áireamh i dtuairiscí scoile agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSC), d’aithin formhór na múinteoirí go bhfuil an fócas fós go mór ar thorthaí scrúduithe ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). D’aontaigh bainistíocht na scoile, na múinteoirí agus na scoláirí go léir go bhfuil an t-am a eisítear PGSS, go hiondúil nuair a bhíonn scoláirí anonn go maith san Idirbhliain nó sa 5ú Bliana, ródhéanach agus nach dtugtar aitheantas ceart don PGSS dá bharr. Luaigh siad go léir gurbh fhearr leo go n-eiseofaí an PGSS i gcomhthráth le heisiúint thorthaí scrúduithe CSS a tharlaíonn níos luaithe.

Ba léir le linn an athbhreithnithe go raibh idir mhúinteoirí agus scoláirí i ngach ábhar míshásta leis na bandaí grádaithe, go háirithe maidir leis na bandaí gráid ‘Tuillteanas’ agus ‘ Ardtuillteanas’. Léirigh aiseolas ó mhúinteoirí agus ó scoláirí araon gur tháinig an mhíshástacht seo as leithead na mbandaí agus an easpa soiléireachta a cuireadh ar fáil maidir le gnóthachtáil scoláirí aonair.

Léirigh roinnt múinteoirí imní faoin líon íseal Gradam a bronnadh ar a gcuid scoláirí sa toradh deiridh, rud a bhí i bpáirt ag baint leis an easpa intuarthachta i struchtúr an scrúdaithe. Mar thoradh air seo freisin cheistigh múinteoirí an leibhéal a theastaíonn chun Gradam a bhaint amach sa tSraith Shóisearach i gcomparáid leis an Teastas Sóisearach.

## Ionchuimsiú

Thug an t-athbhreithniú le fios go mbíonn múinteoirí ag plé le scoláirí atá ag déanamh Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) i seomraí ranga príomhshrutha. Do na múinteoirí siúd ar éirigh leo scoláirí a bhí ag tabhairt faoin C2LP a chomhtháthú ina seomra ranga, measadh go raibh an comhtháthú seo ní hamháin tacúil don scoláire aonair, ach gur thacaigh sé le gach foghlaimeoir agus le pobal na scoile i gcoitinne. Ba léir ón méid a dúirt na múinteoirí go raibh méadú ag teacht le himeacht ama ar líon na scoláirí a bhí ag tabhairt faoi na CFL2anna. Tuairiscíodh go raibh dúshláin

ag baint leis seo do mhúinteoirí maidir le caighdeán agus eispéiris fhoghlama uilechuimsitheacha a phleanáil do gach scoláire ina seomra ranga.

Nuair a phléigh múinteoirí oibriú le scoláirí atá ag tabhairt faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2 ina seomraí ranga, bhí freagairt mheasctha ann maidir lena gcumas a bheith ag pleanáil go héifeachtach. Thug roinnt múinteoirí le fios, bíodh is go raibh sineirgí idir sonraíochtaí ábhar agus Aonaid Foghlama Tosaíochta (AFTanna) Leibhéal 2 indéanta trasna roinnt topaicí, níor léir go raibh siad le feiceáil i gcuid eile. Luaigh múinteoirí a úsáideann prionsabail um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim ina gcuid pleanála luach an chur chuige seo chun tacú le foghlaim na scoláirí ar fad, chomh maith le cur chuige téamach a éascú, chun samplaí ón bhfíorshaol a thabhairt isteach agus chun rannpháirtíocht scoláirí a mhéadú go ginearálta. Aithníodh an príomhról atá ag CRSanna maidir le rannpháirtíocht iomlán scoláirí a chumasú, agus le cuir chuige chomhtheagaisc chun tacú le scoláirí rochtain a fháil ar a gcuid foghlama i gCláir Foghlama Leibhéal 2. Bhí pleanáil le haghaidh eispéiris foghlama a thacaíonn le scoláirí ó chúlraí éagsúla teanga, agus an dúshlán a bhain leis seo a bhaint amach, ina phríomhcheist san aiseolas ar fud na n-ábhar go léir.

# 5. Léargais, moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Ba mhaith le CNCM aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí agus na páirtithe leasmhara eile a chuir leis an athbhreithniú seo. Bhí a n-aiseolas an-úsáideach chun tacú le léargais ar an gcaoi ar cuireadh ábhair Chéim 4 i bhfeidhm agus an taithí orthu.

Sa chuid seo den tuarascáil breithnítear an chaoi a dtacaíonn aiseolas ón athbhreithniú le príomhléargais agus príomh-mholtaí a aithint. Dá bharr seo, is gá a leanas a aithint: is próiseas casta é an t-athrú curaclaim agus glacann sé am é a bhaint amach; agus ní raibh an taithí bheartaithe ag na múinteoirí ná ag aon chohórt scoláirí ar an gcuraclam agus ar na socrúcháin mheasúnaithe mar gheall gur chuir paindéim Covid-19 isteach air seo. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don iarracht iontach a rinne múinteoirí ábhair Chéim 4 chun tacú le rannpháirtíocht le socruithe curaclaim agus measúnaithe nua i gcúinsí an-dúshlánach.

## Léargais

Tarraingítear na léargais seo a leanas ó bhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna éagsúla a ardaíodh i rith na tuarascála seo. Féachann siad leis an aiseolas a shintéisiú agus tá sé i gceist acu bonn eolais a chur faoi mholtaí a leanann astu. Déantar na léargais seo a chatagóiriú maidir leis an gCreat, ar an gcéad dul síos; agus ansin maidir le sonraíochtaí ábhair Chéim 4.

## Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach

- Aithníonn múinteoirí agus ceannairí scoile mianta atá mar bhonn agus taca ag an gCreat don tSraith Shóisearach maidir le tacú le scoileanna cláir a dhearadh a fhreastalaíonn ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí ina gcomhthéacsanna sonracha, agus a cheadaíonn neamhspleáchas agus solúbthacht fheabhsaithe áitiúil. Tugann múinteoirí agus bainistíocht scoile aitheantas agus spreagadh do bhreithiúnais ghairmiúla múinteoirí maidir le cúrsaí a dhearadh agus dul i ngleic le measúnú, mar atá leagtha amach sa Chreat. Tá feasacht ar an gcaoi a bhfuil na mianta seo mar bhunús le sonraíochtaí ábhair a dhearadh le feiceáil in aiseolas a chuirtear ar fáil san athbhreithniú.
- Bhí comhaontú ann go raibh cur i bhfeidhm gach ceann de na hábhair ag tacú le scoláirí príomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhoghlaim agus a fhorbairt, agus breathnaíodh ar na scileanna sin mar scileanna iomchuí agus tábhachtacha.
- Is léir go bhfuil cultúr na pleanála comhoibríche, atá mar bhonn is mar thaca ag an tSraith Shóisearach, tar éis éirí níos leabaithe sna scoileanna, agus is gné shuntasach den chultúr seo atá ag forbairt é an próiseas AFMÁ. Fáiltíonn múinteoirí go ginearálta roimh an bpróiseas AFMÁ mar dheis luachmhar le haghaidh comhráite gairmiúla le comhghleacaithe. Tá smaointeoireacht agus cleachtas an mhúinteora maidir le measúnú tar éis éirí níos fairsinge agus feabhsaithe, agus cleachtais mhúnlaitheacha mheasúnaithe tar éis éirí níos leabaithe sna seomraí ranga.
- I gcomhthéacs na pleanála, is díol suntais go leanann téacsleabhair le ról suntasach a bheith acu i bpleanáil agus oideolaíocht na múinteoirí, agus go bhfeiceann múinteoirí orthu mar acmhainn thábhachtach maidir le conas teagasc agus foghlaim a léirmhíniú agus a phleanáil ag baint úsáid as torthaí foghlama. Sonraítear sa chomhthéacs seo tráchtaireacht chigireacht na RO ar a inmhianaithe atá sé úsáid téacsleabhar a chomhtháthú le cuir chuige agus acmhainní oideolaíocha ábhartha eile.
- Tá roinnt ábhair imní soiléir maidir le gnéithe de chur i bhfeidhm níos leithne an Chreata, lena n-áirítear acmhainní, am, amchlárú, ionchuimsiú, agus an t-aistriú chuig an tsraith shinsearach.
- Tá an dearcadh ann go bhfuil tionchar diúltach ag moilleanna maidir le Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a eisiúint ar an stádas a thugtar do MRBanna agus ar an dearcadh atá ag scoláirí agus ag tuismitheoirí ar MRBanna.
- Athraíonn taithí an mheasúnaithe deiridh beagán ar fud na n-ábhar. Mar sin féin, i ngach cás, tá roinnt frustrachais ann maidir le leithead iomarcach na mbannaí grádaithe a mheastar a bheith ann, agus an deacracht iomarcach braite ag scoláirí chun Gradaim a bhaint amach. Tá roinnt ábhair imní ann ar fad maidir leis an Leibhéal Comónta. Iarrtar níos mó trédhearcachta maidir le marcanna a ainmniú do cheisteanna ar an scrúdpháipéar.

## Aiseolas a bhaineann le cur i bhfeidhm na n-ábhar i gCéim 4

- Tá comhaontú ann ar fud na gcúig ábhar go léir go bhfuil an Aidhm atá leagtha amach do gach ábhar oiriúnach, agus go gcuimsíonn sé an fhoghlaim atá ag teastáil do scoláirí i leith aois agus chéim na Sraithe Sóisearaí.
- Breathnaítear ar dhearadh na sonraíochta, i dtéarmaí snáitheanna agus torthaí foghlama, a bheith iomchuí ar fud na gcúig ábhar go léir, le comhaontú ginearálta go bhfuil an fhoghlaim riachtanach do gach ábhar cuimsithe sna torthaí atá leagtha amach.
- Tá sé soiléir go bhfuil níos mó eolais agus feasachta forbartha ag múinteoirí na n-ábhar i gCéim 4 ar na cuir chuige oideolaíocha atá mar bhonn agus thaca ag cur chuige na dtorthaí foghlama, agus gur laghdaigh an éiginnteacht a bhí ann ag an tús le himeacht ama. Téann an cur amach níos mó seo chomh fada le teanga na foghlama agus an teagaisc, lena n-áirítear téarmaíocht amhail cuspóirí foghlama, critéir ratha, agus deiseanna a spreagadh chun guth an scoláire a chur chun cinn agus a éascú.
- Is léir go bhfuil taithí na scrúduithe deiridh d'ábhair Chéim 4 ag tacú a thuilleadh le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí sa scoil, agus ag cur le tuiscint na múinteoirí agus na scoláirí.
- Breathnaíonn múinteoirí ar a dtaithí FGL go dearfach go ginearálta, agus fáiltíonn siad roimh dheiseanna dá leithéid. Tá mian ann do shamplaí nua agus ilchineálacha d'obair na scoláirí a fhorbairt ar fud na n-ábhar go léir chun leanúint ar aghaidh ag tacú le breithiúnais ghairmiúla agus eolas measúnaithe na múinteoirí.
- Breathnaítear go dearfach ar thaithí na Measúnachtaí Rangbhunaithe don chuid is mó, agus díríonn na scoláirí go háirithe ar na deiseanna a chuirtear ar fáil chun réimsí spéise agus sásamh pearsanta a bhaint amach. Mar sin féin, tá dearcadh láidir ann gur leor MLB amháin do gach ábhar.
- Cé gur cinnte go bhfuil an tuiscint ar thorthaí foghlama níos beaichte, tá teannais ann fós maidir leis an rud a fheictear mar dhoiléire iomarcach nó easpa soiléireachta i dtaobh roinnt torthaí foghlama ar fud na n-ábhar, le múinteoirí ag lorg treorach nó sainiúlachta i gcásanna áirithe, go háirithe sa chomhthéacs a bhaineann le scoláirí a ullmhú don scrúdú deiridh.
- Sa chomhthéacs sin, tá roinnt imní ann freisin faoin méid torthaí foghlama a bheidh le fiosrú sa seomra ranga i gcaitheamh an ama atá tugtha do na hábhair, agus is minic a bhreathnaítear ar líon na dtorthaí mar rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó inneachair le clúdach.
- Tá frustrachas ann nach n-aithnítear MRBanna i bhformhór na gcásanna i dtéarmaí an ghráid iomláin deiridh don ábhar. (Tugtar faoi deara nach bhfuil sé seo mar an gcéanna do gach ábhar.)
- Tá tuiscint freisin i measc roinnt múinteoirí agus scoláirí go nglacann MCBanna am ranga ar bhealach nach dtacaíonn leis an bhfoghlaim i dtreo an scrúdaithe deiridh. Is é is measa a bhíonn

an bhraistint seo de dheasca an struis a bhraitheann scoláirí agus iad ag obair ar roinnt MRBanna ar fud ábhair éagsúla ag an am céanna. Tá an tuiscint ann go bhfuil tionchar mór fós ag an scrúdú deiridh ar dhearcadh an mhúinteora agus an scoláire, agus go deimhin ar thuairimí na dtuismitheoirí freisin.

Tríd is tríd, tá tuiscint ghinearálta ón aiseolas go léiríonn céim chur i bhfeidhm na n-ábhar i gCéim 4 níos mó muiníne agus cinnteoireachta sa chaoi a bhfuil scoláirí agus múinteoirí ag dul i ngleic leis na sonraíochtaí agus leis an gCreat, agus tá tuiscint mhéadaithe níos beaichte le sonrú i measc múinteoirí mar go bhfuil céimeanna na n-ábhar tar éis dul trína gcéad timthriallta scrúdaithe. D'fhéadfaí roinnt oibre eile a dhéanamh, áfach, chun leanúint ar aghaidh ag tacú le múinteoirí sa chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i moltaí thíos.

## Moltaí

Is léir ón aiseolas ar an athbhreithniú go dtéann go leor de na saincheisteanna a ardaíodh níos faide ná an t-ábhar ar leith, agus go mbaineann siad ar bhonn níos leithne le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Bhí sé seo le feiceáil freisin san athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath ar ábhair Chéim 1-3. Bíodh is nach n-áirítear i sainchúram an athbhreithnithe gníomhartha a mholadh a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chreata, sainaithnítear sa tábla seo a leanas an ceann is ábhartha de na saincheisteanna seo

### Saincheisteanna a bhaineann le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach

Féadfar roinnt gníomhartha a bhaineann le cur i bhfeidhm níos leithne an Chreata don tSraith Shóisearach a dhéanamh trí theagmháil dhírithe le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe ábhartha, bunaithe ar aiseolas a eascraíodh i rith an athbhreithnithe. Aithnítear na ceithre réimse seo a leanas le haghaidh gníomhaíochta.

#### Am gairmiúil agus pleanáil, amchlárú agus acmhainní

Tugadh am gairmiúil isteach do mhúinteoirí chun tacú le scoileanna agus iad ag cur an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm. Cuireann múinteoirí agus bainistíocht scoile an-luach leis an am sin. Chuirfeadh gach múinteoir agus bainistíocht scoile fáilte roimh níos mó ama agus treorach maidir le pleanáil, amchlárú agus rochtain ar acmhainní iomchuí.

#### Measúnú agus Tuairisciú

Tá dúshláin fós ag baint leis an gcur chuige níos leithne maidir le measúnú sa tsraith shóisearach, bíodh is go bhfáiltíonn múinteoirí roimhe go forleathan, ó thaobh cur i bhfeidhm de.
Bhí an t-athrú go dtí scrúdpháipéir ar Leibhéal Comónta dúshlánach do mhúinteoirí. Chuirfí fáilte roimh thuilleadh treorach agus tacaíochta sa chomhthéacs sin.

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt ábhair imní ann ar fad maidir le nádúr an chórais grádaithe agus na mbandaí grádaithe a fhaightear faoi láthair sa mheasúnú ar ábhair na Sraithe sóisearaí. Ardaíodh caoile an bhanna 'Pas le gradam' mar ábhar imní.

Tugann aiseolas ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le fios go bhfuil gá fós le níos mó práinne maidir le heisiúint níos luaithe an PGSS, agus le tuilleadh cumarsáide chun a ábharthacht do scoláirí agus do thuismitheoirí a mhíniú.

### MRBanna agus Cruinnithe AFMÁ

Ní mór aird a tharraingt ar ról agus ar thábhacht na MRBanna i gcomhthéacs an chur chuige dhéach i leith measúnú do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí. Chuirfí fáilte freisin roimh thacaíocht agus treoir ar mhaithe le héascú leanúnach chruinnithe AFMÁ, go háirithe do ranna ábhair ina bhfuil múinteoir amháin atá ann i roinnt scoileanna i gcás roinnt ábhar, lena n-áirítear Ceol agus Eacnamaíocht Bhaile, go háirithe, i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo.

### Taighde de chuid Ollscoil Luimnigh: 'Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha'

Ba cheart torthaí a thagann chun cinn ón staidéar fadaimseartha faoi stiúir Ollscoil Luimnigh ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach a chur in iúl do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí.

## Moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm leanúnach gach Ábhair i gCéim 4

D'aithin aiseolas ón athbhreithniú ar fud na gcúig ábhar uile saincheisteanna atá coitianta ar fud na n-ábhar go léir. Cinntear san athbhreithniú gurb é bunús gach sonraíochta, i dtéarmaí a deartha i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, agus ainmniú MRBanna, nach bhfuil gá le hathbhreithnithe nó leasuithe suntasacha a mbeadh gá le grúpa forbartha a thionól ina leith.

Mar sin féin, moltar go bhféadfaí roinnt gníomhartha praiticiúla a dhéanamh ar fud na gcúig ábhar ar fad, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is ábhartha agus is suntasaí a ardaíodh.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na gníomhartha a bhaineann go sonrach leis an ábhar a mholtar mar fhreagra ar an aiseolas a fuarthas san athbhreithniú.

| Moltaí |
|---|
| **Déanfaidh CNCM, i gcás gach ceann de na cúig ábhar, an méid seo a leanas:**<br>Teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe in OIDE maidir le saincheisteanna a ardaíodh san athbhreithniú, lena n-áirítear pleanáil le torthaí foghlama agus measúnú, chun tuiscint múinteoirí a fheabhsú<br><br>Breithniú a dhéanamh ar fhorbairt tacaíochtaí breise chun soiléireacht a thairiscint, nuair is gá, ar roinnt torthaí foghlama<br><br>Gluais de théarmaí tábhachtacha a fhorbairt a bhfuil soiléiriú ag teastáil ina leith |

| |
|---|
| Eiseamláirí anótáilte d'obair scoláirí a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú a léiríonn leibhéil éagsúla ghnóthachtála, lena n-áirítear eiseamláirí trí mheán na Gaeilge<br><br>Níos mó soiléireachta a sholáthar maidir le sineirgí/naisc idir Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus sonraíochtaí Leibhéal 3 chun ionchuimsiú fiúntach scoláirí a chinntiú (lena n-áirítear, go sonrach, gearrchúrsa Leibhéal 2 sa Stair)<br><br>Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh nuashonruithe ar na Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a ardaíodh san athbhreithniú<br><br>Athshúil a thabhairt ar fhoclaíocht na nGnéithe Cáilíochta do MRBanna i dTreoirlínte Measúnaithe ábhair, (lena n-áirítear fócas ar shoiléiriú feabhsaithe a sholáthar ar an téarma 'comhfhiosacht stairiúil' sa Stair, agus an téarma 'an-spéisiúil' sa Cheol) |

**Tábla 10: Moltaí do ghníomhaíocht le haghaidh gach ábhair**

# 6. Na Chéad Chéimeanna Eile

Bunaithe ar na léargais agus moltaí atá leagtha amach thuas, moltar na chéad chéimeanna eile a leanas:

- Déanfar dul chun cinn ar na freagraí molta arna leagan amach i dTábla 10 agus cuirfear ar fáil iad do scoileanna roimh Mheán Fómhair 2025.
- Rachaidh CNCM i gcomhairle leis an tseirbhís tacaíochta, Oide, chun na coigeartaithe a shoiléiriú sula bhfoilsítear aon Treoirlínte Measúnaithe nó ábhar tacaíochta nuashonraithe.
- Roinnfear an t-aiseolas ón athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara uilig a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm FWJC15.

Táthar ag súil go leanfaidh an próiseas athbhreithnithe, an tuarascáil a d'eascair as, agus na moltaí a thagann chun cinn, ag tacú le scoláirí, múinteoirí agus bainistíocht scoile chun na hAidhmeanna do na hábhair a bhaint amach, agus an Creat don tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment